

IÓSUA

Ullmhú

1 Tar éis bháis do Mhaois óglach an Tiarna, dúirt an Tiarna le Iósua mac Nún, feidhmeannach Mhaois: ²“Tá Maois m’óglach tar éis bháis. Éirigh dá bhrí sin agus thar an Iordáin seo anonn leat, thú féin agus an pobal seo go léir, agus isteach leat sa tír atá á thabhairt agam dóibhsean, do chlann Iosrael. ³Gach fód ar a leagfaidh sibh bonn bhur gcoise, tabharfaidh mé daoibh é, mar a gheall mé do Mhaois. ⁴Ón bhfásach agus ón Liobáin anseo go dtí an Abhainn Mhór, an Eofrataes, dúiche na Hiteach go léir chomh fada leis an bhFarraige Mhór laistiar, sin iad na críocha a bheidh agaibh. ⁵Ní fhéadfaidh aon duine an fód a sheasamh i d’aghaidh i gcaitheamh do shaoil go léir; mar a bhí agam le Maois is ea a bheidh agam leatsa; ní thréigfidh mé thú ná cliseadh ort. ⁶Bíodh neart ionat agus misneach agat, mar an tír seo a mhionnaíos dá n-aithreacha a thabharfainn dóibh, is tusa a chuirfidh é i seilbh an phobail seo mar oidhreacht. ⁷Bí teann, sin uile, agus bíodh misneach thar na bearta agat, agus féach chuige le cáiréis go ndéanfaidh tú beart de réir an dlí go léir a d’ordaigh Maois m’óglach duit; ná cas ar dheis ná ar chlé uaidh, i dtreo go mbeidh an t-ádh leat cibé treo baill ina rachaidh tú. ⁸Leabhar seo an dlí, ná fágadh sé do bhéal ach déan do mhachnamh air de lá agus d’oíche, le go ndéanfaidh tú go beacht de réir gach a bhfuil scríofa ann, óir is mar sin a chuirfidh tú an rath ar do ród



agus a bheidh an t-ádh i do bhóthar. ⁹Nár thug mé ordú duit? Bí teann agus bíodh misneach agat. Ná bíodh eagla ort ná beaguchtach, mar tá an Tiarna do Dhia farat cibé áit a rachaidh tú.”

¹⁰Ansin thug Iósua ordú d’oifigigh an phobail á rá: “Gabhaigí tríd an gcampa agus tugaigí an t-ordú seo don phobal: ¹¹‘Ullmhaigí lón daoibh féin. Faoi cheann trí lá rachaidh sibh thar Iordáin anseo ar an tslí isteach chun seilbh a fháil ar an tír atá an Tiarna bhur nDia a thabhairt daoibh in bhur seilbh.’” ¹²Agus dúirt Iósua leis na Reúbaenaigh, na Gádaigh, agus leath-threibh Mhanaise: ¹³“Cuimhnigí ar ar ordaigh Maois óglach an Tiarna daoibh á rá: ‘Tá áit suaimhnis á sholáthar ag an Tiarna bhur nDia daoibh agus tabharfaidh sé an talamh seo daoibh.’” ¹⁴Bhur mná, bhur miondaoine, bhur n-airnéis, fanfaidh siad san fhearann a thug Maois daoibh, taobh thall den Iordáin; ach gach fear in bhur measc a iompraíonn airm, rachaidh siad anonn faoi airm os comhair bhur mbráithre agus cabhróidh siad leo, ¹⁵nó go dtugann an Tiarna suaimhneas do bhur mbráithre chomh maith libh féin agus go ngabhfaidh siadsan leis seilbh ar an bhfearann atá an Tiarna bhur nDia a thabhairt dóibh; ansin fillfidh sibh ar bhur bhfearann dílis agus seilbh a ghabháil air, an fearann a thug Maois óglach an Tiarna daoibh lastoir den Iordáin.”

¹⁶D’fhreagraíodar Iósua á rá: “Déanfaimid gach ar ordaigh tú dúinn; rachaimid cibé áit a seolfaidh tú sinn. ¹⁷Rinneamar rud ar Mhaois i ngach gnó, agus déanfaimid rud ortsa mar an gcéanna; go raibh an Tiarna do Dhia leatsa faoi mar a bhí le Maois, sin uile!” ¹⁸Aon duine a dhéanfaidh ceannaire in aghaidh ordú uait, agus nach ngéillfidh do do bhriathra, cibé rud a ordaíonn tú, cuirfear chun báis é. Bí teann, sin uile, agus bíodh misneach agat.”



Spiaireacht

2 Sheol Iósua mac Nún beirt fhear faoi choim ó Shitim mar spairí á rá leo: “Ar aghaidh libh, breathnaí gí an dúiche, go háirithe Ireachó.” Ar aghaidh leo agus chuadar isteach i dteach striapaí darbh ainm Rácháb, agus chuireadar fúthu ann. ²Tugadh scéala go rí Ireachó: “Féach, tá fir tagtha anseo anocht ó Iosrael chun an tír a bhrath.” ³ Ansin chuir rí Ireachó scéal go Rácháb á rá: “Tabhair amach na fir a tháinig chugat, agus a chuaigh i do theach isteach, mar is chun an tír go léir a bhrath a tháingadar.” ⁴ Ach bhí an bheirt glactha chuici ag an mbean agus ceilte aici; dúirt sí dá bhrí sin: “Sea, tháinig fir chugam go deimhin, ach níorbh eol dom cár bh as dóibh ⁵ agus nuair a bhí an geata le dúnadh le titim na hoíche, d’imíodar leo amach. Ní fheadar cár ghabh na fir; téigí sa tóir orthu go tapa mar béarfaidh sibh orthu.” ⁶ Ach thug sí suas ar dhíon an tí iad agus chuir i bhfolach iad faoi ghasa lín a bhí leagtha ina sraitheanna aici ar an díon. ⁷ Chuaigh na fir sa tóir orthu ar feadh na slí chun na Iordáine chomh fada leis na háthanna. A luaithe a d’imigh an tóir amach, dúnadh an geata.

⁸ Sula ndeachaigh an dream eile a luí, tháinig sí aníos ar an díon chucu ⁹ agus dúirt sí leis na fir: “Tá a fhios agam gur thug an Tiarna an tír daoibh agus gur bhuaile scanradh sinn romhaibh, agus gur thit an lug ar an lag ar dhúchasaigh na tíre romhaibh. ¹⁰ Óir chualamar conas mar a thriomaigh an Tiarna uiscí Mhuir na nGiollcach romhaibh nuair a tháinig sibh as an Éigipt amach, agus cad a rinne sibh le beirt rí na nAmórach thar Iordáin thall, Síochon agus Óg; scrios sibh iad faoin mband. ¹¹ A luaithe a chualamar an scéal, thit an lug ar an lag againn, agus níor fhan misneach ag aon duine de bhuir mbarr; óir sé an



Tiarna bhur nDia, is Dia ar neamh thuas agus ar talamh thíos. ¹²Anois dá bhrí sin, tugaigí an leabhar dom dar an Tiarna, ós rud é go raibh mise dflis cineálta libhse go mbeidh sibhse leis dflis cineálta le líon tí m'athar agus tugaigí geall cinnte dom, ¹³go ndéanfaidh sibh anacal ar m'athair agus ar mo mháthair, ar mo dheartháireacha agus ar mo dheirfiúracha, agus ar gach aon duine a bhaineann leo, agus go dtabharfaidh sibh slán ón mbás sinn.” ¹⁴Ansin d'fhreagair na fir í: “Ár n-anam in áit bhur n-anam, mura sceitheann tú ar an réiteach eadrainn; beimid cineálta dflis leat nuair a bhronnfaidh an Tiarna an fearann orainn.” ¹⁵Ansin lig Rácháb síos iad ar théad ón bhfuinneog mar bhí an teach buailte le balla na cathrach ach í ina conaí laistigh den bhalla. ¹⁶Dúirt sí leo: “Suas libh faoi na sléibhte chun éalú ón tóir atá oraibh. Téigí i bhfolach ar feadh trí lá go bhfillfidh an tóir agus ansin imígí libh.” ¹⁷D'fhreagair na fir: “An mionn a chuir tú d'iallach orainn a mhionnú duit, ní luífidh sé orainn ach ar na coinníollacha seo: ¹⁸Féach nuair thiocfaimidne isteach sa tír déansa an coirdín craorag seo a cheangal den fhuinneog ónar scaoil tú anuas sinn; ní foláir duit d'athair agus do mháthair agus muintir d'athar ar fad a thabhairt leat isteach i do theach. ¹⁹Má théann aon duine thar thairseacha do thí amach sa tsráid, beidh a chuid fola sa mhullach air féin, ach beimidne neamhchiontach; ach má leagtar lámh ar aon duine a bheidh farat sa teach, beidh a chuid fola sa mhullach orainne. ²⁰Ach má sceitheann tú ar an ngnó seo againne, ansin beimid saor ón mionn a chuir tú d'iallach orainn a thabhairt duit.” ²¹Agus dúirt sí: “Bíodh mar a deir sibh.” Scaoil sí leo agus d'imíodar. Cheangail sí an coirdín craorag den fhuinneog.

²²Chuireadar chun siúil agus suas leo faoi na sléibhte, agus d'fhanadar ansiúd trí lá go dtí gur fhill an tóir tar éis dóibh an dúiche go léir a chuardach ach gan iad a fháil. ²³Ansin



tháinig an bheirt anuas ó na sléibhte agus anall thar abhainn leo agus tháingadar go Iósua mac Nún agus d'insíodar dó gach ar tharla dóibh. ²⁴Dúradar le Iósua: “Tá an tír go léir tabhartha faoinár láimh ag an Tiarna, agus tá ballchrith ar a gcónaíonn ann le heagla romhainn.”

Dul thar Iordáin

3Go luath ar maidin d'éirigh Iósua agus scoir an campa agus ar aghaidh leis ó Shitím agus muintir Iosrael go léir fairis. Shroicheadar bruach na Iordáine agus shuíodar campa ann roimh dhul anonn. ²Faoi chionn trí lá ghabh na hoifigigh tríd an gcampa ³agus thug na treoracha seo don phobal: “Nuair a fheicfidh sibh áirc chonradh an Tiarna bhur nDia agus na sagairt Léivíteacha á hiompar, ní foláir daoibh imeacht ó bhur stáitse agus í a leanúint ⁴i dtreo go mbeadh a fhios agaibh cén treo ina bhfuil sibh le dul mar nár ghabh sibh an tslí seo riamh cheana. Ach bíodh spás timpeall dhá mhíle banlámh idir sibh féin agus an áirc; ná téigí ina gaire.” ⁵Dúirt Iósua leis an bpobal: “Naomhaigí sibh féin, óir déanfaidh an Tiarna míorúiltí in bhur measc amárach.” ⁶Agus dúirt Iósua leis na sagairt: “Tógai gí in airde áirc an chonartha agus ar aghaidh libh roimh an bpobal.” Agus thógadar in airde áirc an chonartha agus ar aghaidh leo roimh an bpobal.

⁷Dúirt an Tiarna le Iósua: “Inniu féin tosóidh mé ar thú a mhóradh i radharc Iosrael go léir d'fhonn go mbeadh a fhios acu go mbeidh mé faratsa faoi mar a bhíos fara Maois.

⁸Agus tabhairse an t-ordú seo do na sagairt a iompraíonn áirc an chonartha: ‘Nuair a shroichfidh sibh bruach uiscí na Iordáine stadaigí in bhur seasamh sa Iordáin féin.’”



⁹ Agus dúirt Iósua le clann Iosrael: “Druidigí i leith agus éistigí le briathra an Tiarna bhur nDia.” ¹⁰ Dúirt Iósua: “Leis seo a bheidh a fhios agaibh go bhfuil Dia beo in bhur measc, agus go dtiomáinfidh sé amach go cinnte na Canánaigh, na Hitigh, na Hivigh, na Pirizigh, na Giorgáisigh, na hAmóraigh, agus na Iabúsaigh. ¹¹ Féach, tá áirc chonradh Thiarna an domhain ar fad, le gabháil thar Iordáin romhaibh amach. ¹² Toghaigí dáréag fear gan mhoill, dá bhrí sin, as treibheanna Iosrael, fear as gach treibh. ¹³ Na sagairt le háirc chonradh Thiarna an domhain ar fad, a luaithe a leagfaidh siad boinn a gcós ar uiscí na Iordáine, stopfaidh uiscí na Iordáine ina gcúrsa, agus stadfaidh na huiscí uachtair in aon mheall amháin ar a gcúrsa anuas.”

¹⁴ Nuair a scoir na daoine campa chun gabháil thar Iordáin, thug na sagairt áirc an chonartha leo roimh an bpobal amach. ¹⁵ A luaithe a shroich lucht iompair na háirce an Iordáin agus gur bhain cosa na sagart a bhí á hiompar le himeall na n-uiscí – bíonn an Iordáin ag cur thar a bruacha go léir le linn an fhómhair – ¹⁶ stad na huiscí uachtair go léir agus rinne meall mór díobh thar réimse mhór ó Adám, cathair atá lámh le Zaratán; agus iad siúd a shníonn síos i dtreo Mhuir an Arabá, Muir an tSalainn sé sin, scaradh ar fad óna bhfoinsí iad. Ghabh an pobal thar abhainn os comhair Ireachó. ¹⁷ Na sagairt a bhí ag iompar áirc chonradh an Tiarna, sheasaíodar ar thalamh tirim i lár na Iordáine agus lean clann Iosrael go léir orthu anonn cos tirim nó go raibh an abhainn curtha díobh ag an gcine go léir.



Cuimhneachán

4 Nuair a bhí an pobal go léir gafa thar Iordáin anonn, dúirt an Tiarna le Iósua: ²“Roghnaigh dáréag fear as an bpobal, fear as gach treibh, ³agus tabhair an t-ordú seo dóibh: ‘Tógai gí dhá chloch déag ón áit seo, ó leaba na Iordáine, mar ar luigh cosa na sagart agus tugaigí anonn libh iad, agus fágaigí iad san áit ina gcuirfidh sibh fúibh anocht.’” ⁴Ansin ghlaoi g Iósua ar an dáréag a roghnaigh sé as clann Iosrael, fear as gach treibh, ⁵agus dúirt sé leo: “Ar aghaidh libh roimh áirc an Tiarna bhur nDia go lár na Iordáine, agus tógadh gach duine agaibh cloch ar a ghualainn, ag freagairt do líon treibheanna Iosrael, ⁶chun cuimhneachán a dhéanamh air seo in bhur measc; nuair a chuirfidh bhur gclann ceist oraibh sna blianta le teacht: ‘Cad é an chiall atá agaibh leis na clocha seo?’” ⁷déarfaidh sibhse leo: ‘Dheighil uiscí na Iordáine ó chéile roimh áirc chonradh an Tiarna, agus nuair a ghabh sí thar Iordáin d’imigh uiscí na habhann ar ceal. Is cuimhneachán síoraí ag clann Iosrael air sin na clocha seo.’” ⁸Rinne clann Iosrael mar a dúirt Iósua leo; thógadar dhá chloch déag as leaba na Iordáine ag freagairt do líon treibheanna Iosrael, mar a dúirt an Tiarna le Iósua; thugadar anonn chun an champa iad agus leagadar ansiúd iad. ⁹Ansin chuir Iósua dhá chloch déag ina seasamh i leaba na Iordáine, mar ar luigh cosa na sagart a d’iompar an áirc; tá siad ansiúd go dtí an lá atá inniu ann. ¹⁰Sheas na sagairt a bhí ag iompar na háirce i leaba na Iordáine nó go raibh gach ní curtha i gcrích dár aithin an Tiarna do Iósua a insint don phobal de réir gach ní dár ordaigh Maois do Iósua. Ghabh an pobal anonn faoi dheifir ¹¹agus nuair a bhí an pobal go léir dulta anonn, ghabh áirc an Tiarna anonn, agus na sagairt ag ceann an



phobail. ¹²Ghabh na Reúbaenaigh, na Gádaigh, agus leath-threibh Mhanaise anonn faoi airm roimh chlann Iosrael amach mar a d'ordaigh Maois dóibh. ¹³Ghabh timpeall daichead míle fear díobh faoi airm chatha thar abhainn anonn chun cogaidh, roimh an Tiarna, i dtreo mhachairí Ireachó. ¹⁴An lá úd rinne an Tiarna gaiscíoch de Iósua i súile Iosrael go léir; bhí eagla orthu roimhe faoi mar a bhí roimh Mhaois gach lá dá shaol. ¹⁵Dúirt an Tiarna le Iósua: ¹⁶“Ordaigh do na sagairt atá ag iompar áirc na Fianaise teacht aníos as an Iordáin.” ¹⁷Thug Iósua an t-ordú do na sagairt dá bhrí sin: “Tagaigí aníos as an Iordáin.” ¹⁸Agus nuair a tháinig na sagairt a bhí ag iompar áirc chonradh an Tiarna aníos as an Iordáin, a luaithe a leagadh boinn chosa na sagart ar an talamh tirim, d'fhill uiscí na Iordáine ar a leaba agus shníodar ar aghaidh mar a dhéanaidís riamh.

Gilgeál

Tháinig an pobal aníos as an Iordáin ar an deichiú lá den chéad mhí agus shuíodar a gcampa ag Gilgeál lastoir de Ireachó. ¹⁹Maidir leis an dá chloch déag a tógadh as an Iordáin, chuir Iósua ina seasamh iad i nGilgeál. ²⁰Ansin dúirt sé le clann Iosrael: “Nuair a chuirfidh bhur gclann ceist ar a n-aithreacha sna laethanta le teacht: ‘Cén chiall atá leis na clocha seo?’ ²¹abraigí leo: ‘Gabh clann Iosrael thar an Iordáin seo cos tirim’; ²²mar thriomaigh an Tiarna bhur nDia uiscí na Iordáine romhaibh, nó go raibh sibh gafa thairsti, mar a rinne an Tiarna bhur nDia le Muir na nGiollcach a thriomaigh sé romhainn nó go rabhamar gafa thairsti, ²³i dtreo go mbeadh a fhios ag muintir an domhain uile a thréine atá lámh an Tiarna, agus go mbeadh urraim agaibh féin go deo don Tiarna bhur nDia.”



5 Nuair a chuala ríthe na nAmórach a bhí sa dúiche laistiar den Iordáin agus ríthe uile na gCanánach a bhí ar fheorainn na farraige gur thriomaigh an Tiarna uiscí na Iordáine do phobal Iosrael, nó go rabhadar gafa anonn, tháinig beaguchtach orthu agus níor fhan aon mhisneach a thuilleadh acu de bharr chlann Iosrael. ²Um an dtaca sin dúirt an Tiarna le Iósua: “Déan sceana breochloiche agus déan clann Iosrael a thimpeallghearradh arís den dara huair.” ³Rinne Iósua sceana breochloiche agus thimpeallghearr sé clann Iosrael ar Chnoc na bhForchraiceann. ⁴Sé cúis gur thimpeallghearr Iósua iad ná seo: na fireannaigh go léir ar an bpobal a tháinig as an Éigipt amach a bhí in aois airm a iompar, fuairadar bás san fhásach ar an tslí dóibh tríd tar éis teacht as an Éigipt amach. ⁵An mhuintir go léir a tháinig amach do thimpeallghearradh iad; ach an méid daoine a rugadh san fhásach ar a slí dóibh tríd tar éis teacht as an Éigipt, níor timpeallghearradh iadsan. ⁶Mar bhí clann Iosrael ar guardal san fhásach ar feadh daichead bliain nó go raibh an pobal go léir tar éis bháis, na fir go léir is é sin, a tháinig as an Éigipt amach a bhí in aois airm a iompar, mar níor éisteadar le glór an Tiarna; thug an Tiarna mionn dóibhsean nach ligfeadh sé dóibh go deo radharc a fháil ar an tír a mhionnaigh an Tiarna dá n-aithreacha a thabharfadh sé dóibh, tír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda. ⁷Is iad a gclann dá bhrí sin, an mhuintir a thóg sé ina n-áit, a thimpeallghearr Iósua; bhíodarsan gan timpeallghearradh mar nár timpeallghearradh iad ar an tslí. ⁸Nuair a bhí timpeallghearradh déanta ar an bpobal ar fad, d’fhanadar mar a raibh acu sa champa nó gur chneasaíodar. ⁹Agus dúirt an Tiarna le Iósua: “Inniu féin rinne mé aithis na hÉigipte a dhíbirt uaibh.” Uime sin tugadh Gilgeál ar an áit go dtí an lá atá inniu ann.



¹⁰Fad a bhí muintir Iosrael ag cur fúthu i gcampa i nGilgeál, choimeáadar an Cháisc ar an gceathrú lá déag den mhí, um thráthnóna, ar mhachairí Ireachó. ¹¹Amárach na Cásca, an lá sin díreach, d'itheadar cuid de thorthaí na tíre, cístí gan ghabháile agus arbhar tíortha. ¹²As sin ar aghaidh, ón uair a d'itheadar cuid de thorthaí na tíre, níor thit an manna a thuilleadh; bhí clann Iosrael gan mhanna as sin amach, ach d'itheadar torthaí thír Chanán an bhliain sin.

Gabháil Ireachó

¹³Nuair a bhí Iósua i ngar do Ireachó, d'ardaigh sé a shúile, chonaic fear ina sheasamh ansiúd os a chomhair, agus claíomh nocht ina láimh aige. Shiúil Iósua ina threo agus dúirt leis: “An ar ár dtaobhna atá tú, nó ar thaobh ár naimhde?” ¹⁴D’fhreagair sé: “É seo eile,” ar sé, “is mé captaen arm an Tiarna. Táim ag teacht anois ...” Thit Iósua ar a bhéal agus ar a fhiacra chun talún agus d’adhar é agus dúirt leis: “Cad iad orduithe mo Thiarna dá shearbhónta?” ¹⁵D’fhreagair captaen arm an Tiarna Iósua: “Bain do chuaráin de do chosa, óir is naofa é an ball ar a bhfuil tú i do sheasamh.” Agus rinne Iósua rud air.

6Bhí Ireachó daingnithe le barr cúraim in aghaidh chlann Iosrael; níor ghabh aon duine amach, níor ghabh aon duine isteach. ²Ansin dúirt an Tiarna le Iósua: “Anois tá Ireachó agus a rí agus a ghaiscígh mhóra á dtabhairt ar láimh agam duit. ³Téigí timpeall na cathrach, a laochra gaile, gabhaigí timpeall na cathrach aon uair amháin. Déan amhlaidh ar feadh sé lá. ⁴Iompróidh mórsheisear sagart seacht dtrumpaí d’adharca reithe



os comhair na háirce; ar an seachtú lá máirseálfaidh sibh timpeall na cathrach seacht n-uaire agus séidfídh na sagairt na trumpaí. ⁵Nuair a sheinnfidh siad dord fada ar an adharc reithe, a luaithe a chloisfidh sibh glór an trumpa, ní foláir don phobal go léir gáir thréan chatha a chur astu, agus titfidh balla na cathrach ar lár gan mhoill; ansin ionsóidh an pobal an chathair gach duine ag sá roimhe.” ⁶Ghlaoigh Iósua mac Nún ar na sagairt agus dúirt leo: “Tógaigí áirc an chonartha agus iompraíodh seachtar sagart seacht dtrumpa d’adharca reithe roimh áirc an Tiarna.” ⁷Dúirt sé leis an bpobal: “Gluaisigí romhaibh agus timpeallaigí an chathair agus téadh an t-urgharda roimh áirc an Tiarna.” ⁸Rinneadh gach rud mar a d’ordaigh Iósua don phobal: ghabh an seachtar sagart ar aghaidh ag iompar na seacht dtrumpaí adhairce reithe roimh an Tiarna, agus shéideadar a dtrumpaí; ina ndiaidh tháinig áirc chonradh an Tiarna. ⁹Ghabh an t-urgharda ar aghaidh roimh na sagairt leis na trumpaí agus tháinig an cúlgharda ar chúl na háirce; bhí na trumpaí dá séideadh gan stad. ¹⁰Thug Iósua an t-ordú seo leanas don phobal: “Ná déanaigí gáir agus ná bíodh gíocs asaibh ná focal as bhur mbéal go dtí an lá a déarfaidh mé libh: ‘Tógaigí an gháir chatha.’ Ansin tugaigí gáir.” ¹¹Ghabh áirc an Tiarna timpeall na cathrach de réir a orduithe; ní dhearna sí an timpeall ach aon uair amháin; ansin d’fhilleadar ar an gcampa agus chaitheadar an oíche ann. ¹²D’éirigh Iósua go moch ar maidin agus thóg na sagairt leo áirc chonradh an Tiarna. ¹³Ghabh na seacht sagairt ar aghaidh roimh áirc an Tiarna ag iompar na seacht dtrumpa adhairce reithe ag séideadh na dtrumpaí gan stad; ghabh an t-urgharda rompu amach, agus an cúlgharda i ndiaidh áirc an Tiarna agus na trumpaí á séideadh gan stad. ¹⁴An dara lá mháirseáladar timpeall na cathrach aon uair amháin agus d’fhilleadar ar an gcampa. Rinneadar amhlaidh sé lá. ¹⁵Ar



an seachtú lá d'éiríodar go moch ar bhreacadh an lae agus mháirseáladar seacht n-uaire timpeall na cathrach ar an tslí chéanna: ar an lá sin amháin a mháirseáladar seacht n-uaire.

¹⁶An seachtú huair, nuair a shéid na sagairt na trumpaí, dúirt Iósua leis an bpobal: “Tugaigí an gháir, óir thug an Tiarna an chathair daoibh. ¹⁷Ní foláir an chathair agus gach a bhfuil ann a thíolacadh faoi bhang an Tiarna; ná déantar anacal anama ach ar Rácháb an striapach – í féin agus líon a tí mar gur cheil sí na teachtairí a sheolamar. ¹⁸Seachnaigí sibh féin ar na nithe tíolactha faoin mband agus ná beirigí libh aon ní atá faoin mband; d'fhágfadh sin campa uile Iosrael faoin mband céanna agus thabharfadh sé buaireamh sa mhullach air. ¹⁹An t-airgead agus an t-ór go léir, na gréithe cré-umha agus iarainn go léir, tá siad tíolactha don Tiarna agus ní foláir iad a chur i gciste an Tiarna.” ²⁰Lig an pobal gáir astu agus séideadh na trumpaí. Nuair a chuala an pobal glór an trumpa, ligeadar gáir thréan chatha astu is thit na ballaí ar lár ar an bpointe boise. Thug an pobal faoin gcathair ar an toirt, gach duine ag sá roimhe, agus ghabhadar an chathair. ²¹Scríosadar a raibh sa chathair ar fad le faobhar claímh – fir agus mná, óg agus aosta, fiú na daimh, na caoirigh agus na hasail.

²²Dúirt Iósua leis an mbeirt a rinne an tír a bhrath: “Isteach libh i dteach na striapaí agus tugaigí libh amach as an bhean agus gach a mbaineann léi mar a mhionnaigh sibh di.” ²³Chuaigh na fir óga a rinne an spaireacht isteach agus thugadar amach Rácháb agus a hathair agus a máthair agus a deartháireacha agus gach duine a bhain léi; thugadar amach a fine go léir agus d'fhágadar iad slán folláin lasmuigh de champa Iosrael.

²⁴Chuireadar an chathair agus a raibh inti trí thine, seachas an t-airgead agus an t-ór agus na gréithe cré-umha agus iarainn. Chuireadar iadsan i gciste theach an Tiarna. ²⁵Ach



Rácháb an striapach, agus líon tí a hathar, agus gach ar bhain léi, thug Iósua anacal anama dóibh agus tá cónaí uirthi in Iosrael go dtí an lá inniu féin, mar gur fholaigh sí na teachtairí a sheol an Tiarna chun Ireachó a bhrath.

²⁶Um an dtaca sin chuir Iósua faoi bhrí an mhionna seo iad:

Go raibh mallacht ar an té a éireoidh
agus a thógfaidh an chathair seo (Ireachó) arís;
ar a chéadghin a luífidh a bonn,
agus an mac is óige leis a iompróidh a geataí.

²⁷Bhí an Tiarna fara Iósua agus leath cáil Iósua faoin tír ar fad.

An Bang á Shárú - Pionós

7Ach sháraigh clann Iosrael an bang go héagórach. Ácán mac Chairmí mac Zaibdí mac Zearach de threibh Iúdá, leag sé lámh ar rud a tháinig faoin mbang, agus las fearg an Tiarna i gcoinne na nIosraelach.

²Sheol Iósua buíon fear ó Ireachó go Háí (atá láimh le Béit Ávan) lastoir de Bhéitéil; dúirt sé leo: “Téigí suas agus déanaigí an tír a bhrath.” Ghabh na fir suas agus rinneadar Háí a bhrath. ³D’fhilleadar ar Iósua agus dúradar leis: “Ná téadh an mhuintir ar fad suas, ach déanadh dhá mhíle nó trí ionsaí ar Háí. Ná cuir ualach an tsaothair sin ar an bpoibál ar fad; ní mór díobh siúd ann.” ⁴Ghabh timpeall trí mhíle den phoibál suas dá bhrí sin, ach chuir muintir Háí an teitheadh orthu. ⁵Mharaigh muintir Háí timpeall seisear déag ar fhichid díobh; ruaigeadar iad ó gheata na cathrach chomh fada le Seabáraím agus



phleancadar iad agus iad ag dul le fána. Thit an lug ar an lag ar an bpobal agus theip ar fad ar a misneach. ⁶Stoll Iósua a chuid éadaigh agus chaith é féin ar a bhéal agus ar a fhiacra os comhair áirc an Tiarna go tráthnóna; rinne seanóirí Iosrael mar an gcéanna agus chaitheadar uile luaitreach ar a gceann. ⁷“Uch, a Thiarna Dia,” arsa Iósua, “cad a ba áil leat an mhuintir seo a thabhairt thar Iordáin ar aon chor d’fhonn sinn a thabhairt ar láimh do na hAmóraigh le scrios? Nár bh fhearr dúinn bheith sásta agus cur fuinn lastall den Iordáin! ⁸Cad tá le rá agam nuair atá a ndroim tugtha ag Iosrael lena naimhde? ⁹Óir cluinfidh na Canánaigh agus na dúchasaigh uile ina thaobh; cuirfidh siad le chéile inár n-aghaidh agus scriosfaidh siad ár n-ainm de chlár na talún. Cad a dhéanfaidh tú ar son d’ainm mhóir?” ¹⁰D’fhreagair an Tiarna Iósua: “Bí i do sheasamh! Cad ab áil leat a bheith caite mar sin ar do bhéal agus ar d’fhiacra? ¹¹Rinne Iosrael peaca; sháraíodar an conradh a d’ordaigh mé dóibh; thógadar nithe a bhí curtha faoin mband; rinneadar iad a ghoid, a cheilt agus a chur ina mála. ¹²Sin é an fáth nach féidir le clann Iosrael seasamh in aghaidh a naimhde; thugadar droim lena naimhde mar go bhfuil siad féin tagtha faoin mband. Ní fhanfaidh mé faraibh a thuilleadh mura ndéanfaidh sibh a bhfuil faoin mband a dhíbirt as bhur measc. ¹³Éirigh agus naomhaigh an pobal agus abair leo: ‘Naomhaigí sibh féin i gcomhair an lae amáraigh; mar deir an Tiarna Dia Iosrael: “Tá nithe atá faoin mband in bhur measc féin; ní féidir daoibh choíche seasamh in aghaidh bhur naimhde nó go ndéanann sibh a bhfuil faoin mband a scrios as bhur measc.” ¹⁴Tagaigí i láthair dá bhrí sin ar maidin treibh ar threibh; agus an treibh ar a dtitfidh crann an Tiarna tagaidís i láthair fine ar fhine; agus an fine ar a dtitfidh crann an Tiarna, tagaidís i láthair teaghlach ar theaghlach; agus an teaghlach ar a dtitfidh crann an Tiarna, tagaidís i láthair duine ar



dhuine. ¹⁵ An té a ghabhfar, agus ní atá faoin mband ina sheilbh aige, loisctear sa tine é, é féin agus a bhfuil aige, mar gur sháraigh sé conradh an Tiarna agus go ndearna sé rud náireach in Iosrael.”

¹⁶ D’éirigh Iósua go moch ar maidin agus thug Iosrael leis treibh ar threibh agus thit an crann ar threibh Iúdá. ¹⁷ Thug sé leis finí Iúdá agus thit an crann ar fhine Zearach. Thug sé leis fine Zearach teaghlach ar theaghlach agus thit an crann ar theaghlach Zaibdí. ¹⁸ Ansin thug sé leis teaghlach Zaibdí, duine ar dhuine, agus thit an crann ar Ácán mac Chairmí mac Zaibdí mac Zearach. ¹⁹ Ansin dúirt Iósua le hÁcán: “Tabhair glóir don Tiarna, Dia Iosrael, a mhic, agus mol é; inis dom a bhfuil déanta agat agus ná ceil aon ní orm.”

²⁰ Thug Ácán freagra ar Iósua: “Pheacaigh mé, pheacaigh sin, in aghaidh an Tiarna Dia Iosrael, agus seo mar rinne mé: ²¹ Nuair a chonaic mé, i measc na creiche, fallaing bhreá ó Shionár, agus dhá chéad seicil airgid, agus barra óir leathchéad seicil, chuir mé dúil iontu agus thóg mé iad. Tá siad i bhfolach, féach, faoin talamh istigh i mo bhoth; tá an t-airgead in íochtar.”

²² Chuir Iósua teachtairí uaidh agus ritheadar seo chun na botha. Bhí an fhallaing i bhfolach sa bhoth agus an t-airgead thíos fúithi. ²³ Thógadar ón mboth iad agus thugadar i láthair Iósua agus seanóirí Iosrael iad, agus leagadar os comhair an Tiarna iad. ²⁴ Ácán mac Zearach, an t-airgead agus an fhallaing agus an barra óir, a mhic agus a iníonacha, a dhaimh, a asail, a chaoirigh, a bhoth agus a raibh aige – rug Iósua, agus clann Iosrael go léir ina theannta, iadsan go léir leis go Gleann an Mhí-Áidh (Ácór). ²⁵ “Cad ina thaobh,” arsa Iósua, “gur thug tú mí-ádh sa mhullach orainn? Go dtuga an Tiarna mí-ádh sa mhullach ort féin inniu!” Agus ghabh Iosrael go léir air de chlocha; loisceadar le tine iad



agus ghabhadar de chlocha orthu. ²⁶Thógadar carn mór cloch os a chionn, carn atá ann go dtí inniu féin. Ansin thug an Tiarna cúl le fraoch a fheirge. Uime sin tugadh Gleann an Mhí-Áidh ar an áit sin, agus sin é atá air go dtí inniu féin.

Gabháil Háí

8 Ansin dúirt an Tiarna le Iósua: “Ná bíodh eagla ort! Bíodh misneach agat. Beir leat na fir chogaidh go léir agus suas leat go Háí. Seo é rí Háí agus a mhuintir agus a chathair agus a fhearann curtha faoi do láimh agam. ²Déan le Háí agus lena rí mar a rinne tú le Ireachó agus lena rí. Maidir le creach, ná tógaigí ach a mhaoín agus a eallach daoibh féin. Cuir luíochán ar an gcathair i leith a cúil.” ³Ansin d’éirigh Iósua agus a lucht cogaidh go léir chun ionsaí a dhéanamh ar Háí. Thogh Iósua tríocha míle gaiscíoch agus sheol uaidh iad i gcoim na hoíche, ⁴leis na horduithe seo: “Féach, téigí i luíochán ar an gcathair i leith a cúil, ach ina cóngar; bígí ar bhur n-aire. ⁵Rachaidh mise agus a bhfuil de dhaoine i mo theannta faoi dhéin na cathrach; nuair a thiocfaidh siadsan amach inár gcoinne mar a rinneadar an chéad uair, teithfimid uathu. ⁶Rachaidh siadsan sa tóir orainn agus meallfaimid ón gcathair iad agus iad á rá: ‘Tá siad ag teitheadh uainn mar a rinneadar an uair dheireanach.’ Teithfimidne rompu, más ea, ⁷agus tiocfaidh sibhse ar bhur luíochán agus gabhfaidh sibh an chathair, óir tabharfaidh an Tiarna bhur nDia ar láimh daoibh í. ⁸Nuair a bheidh an chathair gafa agaibh, cuirigí trí thine í de réir aithne an Tiarna. Féachaigí chuige go ndéanfaidh sibh mar a d’ordaigh mé daoibh.” ⁹Sheol Iósua



chun siúil iad dá bhrí sin, agus chuadar chun an láthair luíocháin idir Béitéil agus Háí, laistiar de Háí. Chaith Iósua an oíche sin i measc an phobail.

¹⁰D'éirigh Iósua go moch ar maidin, chuir sé tionól ar an bpobal agus chuir sé féin agus seanóirí Iosrael chun siúil roimh an bpobal i gcoinne Háí. ¹¹Ghabh na fir chogaidh go léir ina theannta suas os comhair na cathrach agus shuíodar a gcampa lastuaidh de Háí agus gleann idir iad agus Háí. ¹²Thug sé leis timpeall cúig mhíle fear agus chuir i luíochán iad idir Béitéil agus Háí, laistiar den chathair. ¹³Sin mar a suíodh an slua – campa an phobail lastuaidh den chathair agus lucht an luíocháin laistiar di; chaith Iósua an oíche sin sa ghleann féin. ¹⁴Nuair a chonaic rí Háí conas mar a bhí, bhrostaigh sé féin agus a mhuintir go léir, lucht na cathrach, amach go moch ar maidin chun clann Iosrael a ionsaí ar an bhfána i dtreo an Arabá. Ní raibh a fhios aige go rabhthas i luíochán air laistiar den chathair. ¹⁵Lig Iósua agus clann Iosrael go léir orthu go rabhthas á gcloí acu agus theitheadar i dtreo an fhásaigh. ¹⁶Glaodh ar a raibh sa chathair chun dul sa tóir orthu agus nuair a chuadar sa tóir ar Iósua d'fhágadar an chathair féin gan chosaint. ¹⁷Níor fágadh fear i Háí (ná i mBéitéil) nár ghabh amach ar thóir Iosrael; d'fhágadar an chathair ar leathadh agus leanadar Iosrael.

¹⁸Ansín dúirt an Tiarna le Iósua: “Sín an ga atá i do lámh i gcoinne Háí óir táim ar tí í a thabhairt i do lámh duit.” Agus shín Iósua an ga a bhí ina lámh aige i gcoinne na cathrach. ¹⁹A luaithe a shín sé a lámh d'éirigh lucht an luíocháin go mear as a láthair agus ritheadar ar aghaidh agus isteach sa chathair leo; ghabhadar í agus chuireadar trí thine í gan mhoill. ²⁰Nuair a d'fhéach muintir Háí siar chonaiceadar an deatach ag éirí ón gcathair chun na spéire; ní raibh breith acu ar theitheadh mar seo ná mar siúd, mar an



mhuintir a theith i dtreo an fhásaigh, d'fhilladar ar ais ar an tóir. ²¹Nuair a chonaic Iósua agus clann Iosrael go léir go raibh an chathair gafa ag lucht an luíocháin, agus deatach na cathrach ag éirí in airde, d'iompaíodar ar ais agus d'ionsaíodar muintir Háí. ²²Tháinig an dream eile amach as an gcathair ina n-aghaidh chomh maith i dtreo go rabhadar teanntaithe ag na hIosraelaigh, cuid díobh seo ar thaobh agus an chuid eile ar an taobh eile. Thugadar fúthu go dtí nár fágadh fuíoll áir ná fear inste scéil díobh, ²³ach gur gabhadh rí Háí ina bheatha agus gur tugadh go Iósua é. ²⁴Nuair a bhí deireadh ag clann Iosrael ag eirleach mhuintir Háí go léir sa mhachaire agus san fhásach mar ar chuireadar i raon madhma iad, agus nach raibh duine díobh nach raibh sínte marbh de rinn claímh, d'fhill clann Iosrael go léir ar Háí agus d'imríodar faobhar claímh uirthi. ²⁵Ba é líon na ndaoine a thit an lá sin, idir fhir agus mhná, dhá mhíle dhéag. De mhuintir Háí iad uile.

²⁶Níor tharraing Iósua ar ais an lámh lenar shín sé an ga nó gur scrios sé lucht Háí go léir. ²⁷Níor thug clann Iosrael leo mar chreach as an gcathair sin ach a heallach agus a héadáil de réir an ordaithe a thug an Tiarna do Iósua. ²⁸Loisc Iósua Háí agus d'fhág ina fothrach follamh í go brach, mar atá sí inniu féin. ²⁹Chroch sé rí Háí ar chrann go nóin agus le dul faoi na gréine d'ordaigh sé a chorp a thógáil anuas den chrann. Caitheadh é ansiúd sa bhealach isteach ag geata na cathrach agus tógadh carn mór os a chionn, rud atá ansiúd fós inniu.



Íobairt ar Shliabh Éabál agus an Dlí á Léamh ann

³⁰Ansin thóg Iósua altóir don Tiarna, Dia Iosrael, ar Shliabh Éabál, ³¹faoi mar a d’ordaigh Maois óglach an Tiarna do chlann Iosrael de réir mar atá scríofa i leabhar dhlí Mhaois, “altóir de chlocha nár snoíodh agus nár luigh aon uirlis iarainn riamh orthu”; agus d’ofráladar íobairtí dóite uirthi don Tiarna agus íobairtí comaoineach chomh maith.

³²Ansiúd ar na clocha scríobh Iósua, i láthair phobal Iosrael, cóip den dlí a scríobh Maois. ³³Ansin Iosrael go léir, deoraí agus dúchasach, idir sheanáirí agus scríobhaithe agus bhreithiúna – sheas siad ar dhá thaobh na háirce os comhair na sagart Léivíteach a bhí ag iompar áirc chonradh an Tiarna; bhí leath díobh os coinne Shliabh Ghirizím agus leath os coinne Shliabh Éabál faoi mar a d’ordaigh Maois óglach an Tiarna de chéaduair do bheannú phobal Iosrael. ³⁴Ina dhiaidh sin léigh Iósua briathra uile an dlí, na beannachtaí agus na mallachtaí, de réir mar atá scríofa i leabhar an dlí. ³⁵Ní raibh focal dár aithin Maois nár léigh Iósua do chomhthionól chlann Iosrael go léir idir mhná agus leanaí, agus dheoraithe ag cur fúthu ina measc.

Conradh idir Clann Iosrael agus na Gibeónaigh

9Na ríthe go léir ar an taobh seo den Iordáin agus ar na hísleáin, ar an bhfeorainn ar feadh na Farraige Móire i dtreo na Liobáine, na Hitigh, na Hamóraigh, na Canánaigh,



na Pirizigh, na Hivigh, na Iabúsaigh – nuair a chualadar ina thaobh seo, ²rinneadar comhaontú le chéile chun troda in aghaidh Iósua agus chlann Iosrael. ³Nuair a chuala muintir Ghibeón an íde a thug Iósua ar Ireachó agus ar Háí, ⁴bheartaíodar dul i mbun cneamhaireachta. D'imíodar agus fuaireadar lón agus thugadar leo seanmhálaí ar a n-asail agus seanseichí fíona a bhí pollta ach iad deisithe; ⁵ar a gcosa bhí seanchuaráin chaite le cliatha iontu, agus an t-éadach a bhí orthu bhí sé dreoite; an t-arán go léir a bhí acu bhí sé briosc agus snas air. ⁶Chuadar go Iósua sa champa i nGilgeál agus dúradar leis-sean agus le muintir Iosrael: “Thángamar ón gcoigríoch; déanaigí Conradh linn más éa.” ⁷Ach dúirt muintir Iosrael leis na Hivigh: “B’fhéidir go bhfuil cónaí oraibh inár measc. Conas mar sin a d’fhéadfaimís Conradh a dhéanamh libh?” ⁸“Seirbhísigh duitse sinn,” ar siad le Iósua. “Agus cé hé sibh féin?” arsa Iósua, “agus cad as daoibh?” ⁹“Thángamar, do shearbhóntaí, ón imigéin,” ar siad, “de bharr clú an Tiarna do Dhia. Mar chualamar tuairisc air féin agus ar a ndearna sé san Éigipt; ¹⁰agus ar a ndearna sé leis an mbeirt rí Amórach a bhí lastall den Iordáin, Síochon rí Heisbeon agus Óg rí Bháiseán a bhí ag cur faoi in Aisteárot. ¹¹Dúirt ár seanóirí agus muintir ár dtíre go léir linn: ‘Tógaigí lón libh don aistear, agus téigí ina n-airicis agus abraigí leo: ‘Seirbhísigh daoibh sinne: seo anois, déanaigí Conradh linn.’” ¹²Siúd é ár n-arán. Bhí sé te fós nuair a thógamar linn ónár dtithe é mar lón bóthair an lá a chuireamar chun siúil chun teacht in bhur láthair; ach anois féach go bhfuil sé briosc agus snas air. ¹³Bhí na seithí fíona seo nua nuair a líonamar iad; féach tá siad pléasctha; tá ar gcuid éadaigh agus ár gcuaráin caite tar éis an aistir chomh fada sin atá curtha dinn againn.”



¹⁴Chaith na ceannairí an bia a rinneadar a thairiscint gan comhairle an Tiarna a lorg.

¹⁵Rinne Iósua síocháin agus conradh leo ag dul i mbannaí lena n-anam, agus dhaingnigh an pobal é sin faoi bhrí na mionn. ¹⁶Trí lá tar éis an conradh a dhéanamh leo fuarthas amach gur comharsana iad agus go raibh cónaí orthu i measc chlann Iosrael. ¹⁷Chuir clann Iosrael chun bealaigh agus (ar an tríú lá) thángadar chun a mbailte .i. Gibeón, Cifiríá, Bearót agus Ciriát Iáraím. ¹⁸Níor ionsaigh clann Iosrael iad mar gur mhionnaigh ceannairí an phobail dar an Tiarna Dia Iosrael ach rinne an comhthionól go léir monabhar in aghaidh na gceannairí. ¹⁹Ach dúirt na ceannairí leis an gcomhthionól go léir: “Thugamar mionn dóibh dar an Tiarna Dia Iosrael agus ní féidir dúinn baint leo anois. ²⁰Mar seo a dhéanfimid: anacal anama a dhéanamh orthu le heagla go ndéanfaí é a agairt orainn le fearg de bharr na mionn a thugamar dóibh.” ²¹Agus lean na ceannairí orthu: “Déanaigí anacal orthu, agus bídis ina ngiollaí broсна agus uisce ag an gcomhthionól go léir.” Rinne an comhthionól rud ar na ceannairí. ²²Chuir Iósua fios ar [mhuintir Ghibeón] agus d’fhiafraigh sé dóibh: “Cad ab áil libh dár mealladh á rá go raibh cónaí oraibh i bhfad ó bhaile uainn nuair is anseo inár measc atá cónaí oraibh? ²³Tá mallacht oraibh anois dá bhrí sin agus beidh cuid agaibh in bhur sclábhaithe, in bhur ngiollaí broсна agus uisce i dteach mo Dhé go deo.” ²⁴Sé freagra a thugadar ar Iósua: “Rinneamar amhlaidh mar go rabhamarna, do searbhóntaí, lándeimhin de gur ordaigh an Tiarna, do Dhia, do Mhaois, a ghiolla, an tír seo go léir a thabhairt daoibh agus a bhfuil ina gcónaí ann a scrios romhaibh; agus de réir mar a bhí sibh ag druidim linn tháinig scanradh inár mbeatha orainn romhaibh. ²⁵Anois, féach, táimid faoi do bhois; déan linn mar is ceart agus is cóir a dhéanamh linn dar leat.” ²⁶Sé a rinne sé leo ná iad a shaoradh ó lámha



chlann Iosrael; agus níor mharaíodar iad.²⁷ Ach ón lá sin amach rinne Iósua giollaí broсна agus uisce díobh don chomhthionól agus chuir de cheangal orthu, go dtí an lá atá inniu ann, freastal ar altóir an Tiarna cibé ball ba rogha leis.

Comhaontú Amórach

10 Tharla ansin gur insíodh do Adonaízidic rí Iarúsailéim gur ghabh Iósua Háí agus gur chuir sé an chathair faoi bhang, agus gur thug sé an íde chéanna uirthi féin agus ar a rí agus a thug ar Ireachó agus ar a rí; agus go ndearna lucht Ghibeón síocháin le clann Iosrael agus go rabhadar tagtha chun muintearais leo.² Bhí sceimhle air dá bharrsan mar go raibh Gibeón chomh breá de chathair le ceann de chathracha an rí féin, í níos mó na Háí agus a saoránaigh go léir ina bhfir chogaidh.³ Ansin chuir Adonaízidic rí Iarúsailéim scéala chun Hóhám rí Heabrón, Pireám rí Iarmút, Iáfia rí Láicís agus Deibír rí Eaglón.⁴ “Taobhaigí liom,” ar sé, “agus tagaigí i gcabhair orm; déanaimís Gibeón a scrios mar go ndearna sí síocháin le Iósua agus le clann Iosrael.”⁵ Na cúig ríthe Amóracha .i. rí Iarúsailéim, rí Heabrón, rí Iarmút, rí Láicís, agus rí Eaglón – chruinníodar a sluaite le chéile agus ghluaiseadar chun bóthair lena n-airm go léir; rinneadar léigear ar Ghibeón agus d’ionsaíodar é.

⁶ Chuir muintir Ghibeón scéala chun Iósua ina champa i nGilgeál á rá: “Ná tréig do shearbhóntaí; brostaigh anseo aníos chugainn chun sinn a fhuascailt agus fóirithint orainn mar go bhfuil ríthe na nAmórach go léir atá ag cur fúthu sna hardáin cruinnithe le chéile inár n-aghaidh.”⁷ Ghabh Iósua féin suas ó Ghilgeál dá réir sin, agus a lucht cogaidh go léir fairis, agus na gaiscigh go léir.⁸ Dúirt an Tiarna le Iósua: “Ná bíodh aon eagla ort



rompu seo, mar thug mé i do lámh duit iad; ní fhéadfaidh oiread agus duine díobh an fód a sheasamh i do choinne.”⁹ Mháirseáil Iósua ó Ghilgeál ar feadh na hoíche dá bhrí sin agus tháinig sé orthu aniar aduaidh.¹⁰ Chuir an Tiarna i raon maidhme iad roimh chlann Iosrael agus rinneadar ár agus eirleach orthu i nGibeón. Chuir an Tiarna tóir orthu ar feadh chonaire Bhéit Horon agus bhí á gciapadh chomh fada le hAzaecá agus Macaedá.¹¹ D’fhear an Tiarna clocha móra sneachta ón spéir anuas sa mhullach orthu agus iad ag teitheadh le fána ó Bhéit Horon ar feadh na slí go hAzaecá, agus mharaigh sin iad; is mó a fuair bás de bharr na gclocha sneachta ná de rinn claímh chlann Iosrael.¹² Ansin labhair Iósua leis an Tiarna an lá céanna ceannann a thug an Tiarna na hAmóraigh ar lámh do chlann Iosrael; chan Iósua i láthair chlann Iosrael:

“A ghrian, fan socair os cionn Ghibeón,
Agus, a ghealach, os cionn Ghleann Aiálón.”

¹³ Agus d’fhan an ghrian socair agus an ghealach ina stad,
Nó go raibh díoltas déanta ag an bpobal ar a naimhde.

Nach bhfuil seo scríofa i Leabhar na bhFíréan? D’fhan an ghrian ina stad i lár na spéire agus chuir moill ar a dul faoi ar feadh lae iomláin, geall leis.¹⁴ Ní raibh lá mar é riamh ná ó shin i leith nuair a ghéill an Tiarna do ghuth duine mar bhí an Tiarna ag troid ar son Iosrael.¹⁵ D’fhill Iósua agus Iosrael go léir fairis ar ais ar an gcampa i nGilgeál.



Cúigear Rí in Uaimh

¹⁶Theith an cúigear rí úd agus chuadar i bhfolach in uaimh Mhacaedá. ¹⁷Tugadh scéala chun Iósua: “Fuarthas an cúigear rí agus iad i bhfolach in uaimh Mhacaedá.” ¹⁸“Cuirigí,” arsa Iósua, “leacacha móra le béal na huaimhe, agus díorma fear ar garda láimh léi. ¹⁹Ná fanaigí féin díomhain, ansiúd, áfach; téigí sa tóir ar bhur naimhde; sáraigí iad ina gconair theithe agus ná ligigí isteach ina gcathracha iad, mar tá an Tiarna bhur nDia tar éis iad a thabhairt ar láimh daoibh.” ²⁰Nuair a bhí ár agus eirleach déanta orthu ag Iósua, agus ag saighdiúirí Iosrael agus gan ach iarmhar beag fágtha, theith fuíoll an áir chun a gcathracha daingne.

²¹D’fhill an pobal go léir slán folláin ar champa Iósua i Macaedá, agus níor leomhaigh aon duine iarracht a dhéanamh in aghaidh chlann Iosrael. ²²Ansin dúirt Iósua: “Osclaiigí béal na huaimhe agus tugaigí an cúigear rí úd amach chugam.” ²³Rinneadar amhlaidh agus thugadar an cúigear rí úd amach as an uaimh chuige .i. rí Iarúsailéim, rí Heabrón, rí Iarmút, rí Láicis, agus rí Eaglón. ²⁴Nuair a bhíodarsan tugtha amach go Iósua acu, ghair Iósua ar fhir Iosrael go léir agus dúirt le taoisigh na bhfear cogaidh a throid ina theannta: “Druidigí isteach agus cuirigí bhur gcosa ar bhráide na ríthe seo.” Ansin dhruideadar isteach leo agus leag a gcosa ar a mbráide. ²⁵Lean Iósua air: “Ná bíodh eagla ná beaguchtach oraibh; bíodh misneach agaibh agus neart ionaibh mar sin í an íde a thabharfaidh an Tiarna ar na naimhde go léir a throidfidh in bhur n-aghaidh.” ²⁶Ansin bhuail Iósua an buille báis orthu agus mharaigh iad agus chroch iad ar chúig crainn, agus fágadh crochta ar na crainn iad go tráthnóna. ²⁷Le dul faoi na gréine, ar ordú Iósua,



thógadar anuas de na crainn iad agus chaitheadar isteach san uaimh iad mar a ndeachadar i bhfolach. Chuireadar leacacha móra ag béal na huaimhe, agus tá siad ansiúd go dtí an lá inniu féin.

An Deisceart t á Ghabháil

²⁸Ghabh Iósua Macaedá an lá céanna agus d’imir sé faobhar claímh ar an gcathair agus ar a rí. Chuir sé iad go léir faoin mband, agus gach duine beo a bhí inti, gan ligean le haon duine. Thug sé an íde chéanna ar rí Mhacaedá agus a thug ar rí Ireachó. ²⁹Ghabh Iósua ar aghaidh ansin ó Mhacaedá go Libneá agus sluaite Iosrael go léir fairis agus d’ionsaigh sé Libneá. ³⁰Thug an Tiarna í seo ar láimh d’Iosrael chomh maith, í féin agus a rí; d’imríodar faobhar claímh uirthi agus ar gach duine inti, gan duine beo a fhágáil inti; agus thugadar an íde chéanna ar a rí agus a thugadar ar rí Ireachó. ³¹Ghluais Iósua ar aghaidh ó Libneá go Láicís agus sluaite Iosrael go léir fairis; chuir sé léigear uirthi agus d’ionsaigh í. ³²Agus thug an Tiarna Láicís ar láimh d’Iosrael agus ghabhadar í ar an dara lá; d’imríodar faobhar claímh uirthi agus ar gach duine inti mar a rinneadar le Libneá.

³³Ansin tháinig Horám rí Gheizir aníos i gcabhair ar Láicís, ach threascair Iósua é féin agus a mhuintir agus níor fágadh duine beo. ³⁴Ghluais Iósua ar aghaidh agus sluaite Iosrael go léir fairis ó Láicís go hEaglón; chuireadar léigear uirthi agus d’ionsaíodar í. ³⁵Ghabhadar í an lá céanna agus d’imríodar faobhar claímh uirthi. Chuir sé gach duine inti faoin mband an lá sin mar a rinne le Láicís. ³⁶Ansin ghluais Iósua ar aghaidh ó Eaglón go Heabrón agus sluaite Iosrael go léir fairis. D’ionsaíodar í, ³⁷ghabhadar í agus d’imríodar



faobhar claímh uirthi féin, ar a rí agus ar gach láthair a bhain léi, agus ar gach duine inti; agus, faoi mar a rinne sé le hEaghlón, níor fhág sé fear inste scéil inti; chuir sé faoin mbanda í le gach dúil bheo inti.

³⁸ Ansin chas Iósua i leataobh in aghaidh Dheibír, agus sluaite Iosrael go léir fairis, agus d'ionsaigh sé í. ³⁹ Ghabh sé í féin agus a rí agus na láithreacha go léir a bhain léi; d'imríodar faobhar claímh orthu agus chuireadar gach dúil bheo inti faoin mbanda; níor fhág sé fear inste scéil. Thug sé an íde chéanna ar Dheibír agus ar a rí agus a thug ar Heabrón agus a thug ar Libneá agus ar a rí.

⁴⁰ Fuair Iósua an lámh in uachtar ar an gcuma sin ar an tír ar fad – na hardáin, an Neigib, na hÍsleáin, na fánaí, agus a ríthe go léir; níor fhág sé duine beo, agus chuir sé gach dúil bheo faoin mbanda mar a d'ordaigh an Tiarna, Dia Iosrael. ⁴¹ Chloígh Iósua iad ó Cháidéis Bairnéa go Gazá, dúiche uile Ghoisín chomh fada le Gibeón. ⁴² Ghabh Iósua na ríthe sin go léir agus a bhfearainn d'aon iarracht amháin mar go raibh an Tiarna, Dia Iosrael, ag troid ar son Iosrael. ⁴³ Ansin d'fhill Iósua, agus sluaite Iosrael go léir fairis, ar an gcampa ag Gilgeál.

An Tuaisceart á Ghabháil

1 Nuair a chuala Iáibín rí Házór na nithe sin chuir sé scéala fúthu go Ióbab rí Mhádón agus go rí Shimreon agus go rí Aicseáf, ² agus go dtí na ríthe sna hardáin thuaidh agus sa ghleann laisteas de Chinearót agus sna hÍsleáin agus sna leitreacha siar ó Dhór; ³ go dtí na Canánaigh thoir agus thiar, na hAmóraigh, na Hitigh, na Pirizigh, na



Iabúsaigh sna sléibhte, agus na Hivigh faoi scáth Hearnóm i Mizpeá. ⁴Chuireadar chun bealaigh lena sluaite go léir, iad líonmhar mar ghaineamh na trá, le capaill agus carbaid gan áireamh. ⁵Tháinig na ríthe seo go láthair choinne agus chomhdhála agus shuíodar a gcampaí le hais a chéile ag uiscí Mhaeróm chun troid in aghaidh Iosrael. ⁶Dúirt an Tiarna le Iósua: “Ná bíodh aon eagla ort rompu siúd, mar an taca seo amárach fágfaidh mé iad go léir treascartha os comhair a súl ag Iosrael; déan speireacha a n-each a ghearradh agus tine a chur lena gcarbaid.” ⁷Tháinig Iósua agus a ghaiscígh go léir gan choinne orthu ag uiscí Mhaeróm, agus thugadar fúthu. ⁸Thug an Tiarna ar láimh d’Iosrael iad; bhriseadar orthu agus chuadar sa tóir orthu siar chomh fada le Síodón Mhór agus Misreafot Maím agus soir chomh fada le Gleann Mhizpeá. Bhíodar á bpleancadh go dtí nár fágadh fear inste scéil díobh. ⁹Rinne Iósua leo mar a d’ordaigh an Tiarna; ghearr sé speireacha a n-each agus dhóigh sé a gcarbaid. ¹⁰D’fhill Iósua ansin agus ghabh sé Házór agus d’imir faobhar claímh ar a rí. Bhí ceannas ag Házór ar na ríochtaí sin go léir tráth. ¹¹Chuireadar chun báis de rinn claímh gach dúil bheo inti, agus iad faoin mband. Níor fágadh duine inti le hanáil na beatha ann agus ansin loisc sé Házór. ¹²Ghabh Iósua cathracha na ríthe sin go léir agus a ríthe go léir; d’imir sé faobhar claímh orthu agus iad curtha faoin mband, faoi mar a d’ordaigh Maois óglach an Tiarna. ¹³Níor loisc Iosrael aon chathair díobh siúd go léir ar a dtulaigh, seachas Házór amháin a chuir Iósua trí thine. ¹⁴Thug muintir Iosrael leo mar chreach éadail agus eallach na gcathracha sin; d’imríodar faobhar claímh ar gach daonnaí, agus scriosadar iad go léir; níor fhágadar fiú duine agus anáil na beatha ann. ¹⁵Gach ar ordaigh an Tiarna do Mhaois a óglach, thug seisean mar ordú do Iósua, agus chuir Iósua i gcrích é, gan faillí a dhéanamh ar aon ní dár ordaigh an Tiarna do



Mhaois. ¹⁶Fuair Iósua seilbh ar an tír sin go léir, na hardáin, an Neigib go léir, agus fearann uile Ghoisin, na hÍsleáin, an tArabá, ardáin agus ísleáin Iosrael. ¹⁷Ó Shliabh Hálác a éiríonn i dtreo Shaeir chomh fada le Bál Gád in nGleann na Liobáine faoi scáth Hearmón, ghabh sé na ríthe go léir, threascair iad agus bhásaigh iad. ¹⁸Chuir Iósua cogadh ar na ríthe sin go léir ar feadh i bhfad. ¹⁹Ní dhearna cathair síocháin le clann Iosrael ach na Hivigh a mhair i nGibeón; i gcath a fuairadar an lámh uachtair ar an gcuid eile go léir. ²⁰Ba é deonú an Tiarna a gcroíthe a chruadh chun go rachaidís chun catha in aghaidh Iosrael d’fhonn go gcuirfí gan taise faoin mband iad agus go scriosfaí iad mar a d’ordaigh an Tiarna do Mhaois. ²¹Ansin tháinig Iósua agus scrios sé na hAnácaím ó na hardáin, ó Heabrón, ó Dheibír, ó Anáb, ó ardáin Iúdá go léir agus ó ardáin Iosrael go léir; chuir sé iad féin agus a gcathracha faoin mband. ²²Níor fágadh aon Anácaím i bhfearainn chlann Iosrael ach ag Gazá, Gat, agus Aisdeod. ²³Fuair Iósua seilbh ar an tír ar fad, faoi mar a dúirt an Tiarna le Mhaois, agus thug sé é d’Iosrael mar oidhreacht de réir mar a bhíodar roinnte ina dtreibheanna. Agus bhí sos ó chogadh ag an tír.

Achoimre

12 Siad seo ríthe na tíre a chloígh clann Iosrael agus ar ghabhadar seilbh ar a gcríocha lastall den Iordáin agus i dtreo an oirthir, ó shileán Arnón go Sliabh Hearmón, agus an tArabá ar fad lastoir: ²Síochon rí na nAmórach a bhí ag cur faoi i Heisbeón, agus ag rialú ó Aroéir ar imeall Ghleann Arnón – agus com an ghleanna san áireamh – thar leath Ghileád chomh fada le habhainn an Iaboc, teorainn na nAmónach;



³ agus soir thar an Arabá go Muir Chinearót ar thaobh, agus go Muir an Arabá, Muir an tSalainn, i dtreo Bhéit Isimiot chomh fada le spoir shliabh Phisceá ar an taobh theas; ⁴ Óg rí Bháiseán, duine d'iarmhar na Rafáim, a bhí ag cur faoi in Aisteárót agus in Eidreí; ⁵ bhí sé i gceannas ar Shliabh Hearnóm agus ar Shalacá agus ar Bháiseán go léir go teorainn na nGeasúrach agus na Mácátach, agus ar leath Ghileád go teorainn Shíochon rí Heisbeón. ⁶ Chloígh Maois óglach an Tiarna agus clann Iosrael iadsan; agus thug Maois óglach an Tiarna a dtailte ina seilbh do na Reúbaenaigh agus do na Gádaigh, agus do leath-threibh Mhanaise.

⁷ Seo iad ríthe na dúiche a chloígh Iósua agus clann Iosrael laistiar den Iordáin ó Bhál Gád i nGleann na Liobáine go Sliabh Hálác, in airde i dtreo Shaeír; agus bhronn Iósua a bhfearainn ar threibheanna Iosrael mar chuid roinne: ⁸ sna hardáin agus na hísleáin; san Arabá agus ar na sleasa; san fhásach agus sa Neigib, i gcríocha na Hiteach, na nAmórach, na gCanánach, na bPirizeach, agus na Iabúsach: ⁹ rí Ireachó, duine; rí Háí le hais Bhéitéil, duine; ¹⁰ rí Iarúsailéim, duine; rí Heabron, duine; ¹¹ rí Iarmút, duine; rí Láicís, duine; ¹² rí Eaglón, duine; rí Gheizir, duine; ¹³ rí Dheibír, duine; rí Gheidir, duine; ¹⁴ rí Hormá, duine; rí Arád, duine; ¹⁵ rí Libneá, duine; rí Adulám, duine; ¹⁶ rí Mhacaedá, duine; rí Bhéitéil, duine; ¹⁷ rí Thapúach, duine; rí Héifir, duine; ¹⁸ rí Afaec, duine; rí Laiseárón, duine; ¹⁹ rí Mhádón, duine; rí Házór, duine; ²⁰ rí Shimearón, duine; rí Aicseáf, duine; ²¹ rí Thánac, duine; rí Mhigideo, duine; ²² rí Cheidis, duine; rí Iocnán i gCairmeil, duine; ²³ rí Dhór ar shleasa sléibhte Dhór, duine; rí Ghóim sa Ghailfl, duine; ²⁴ rí Thirzeá, duine. Líon iomlán na ríthe sin: triúr déag ar fhichid.



An Tír á Roinnt

13 Bhí Iósua sean agus anonn sna blianta um an dtaca seo. Dúirt an Tiarna leis: “Tá an aois agat anois agus tá tú anonn sna blianta, ach tá a lán den tír fós le gabháil. ²Seo é an fearann atá fós le gabháil: Críocha uile na bhFilistíneach, agus dúiche uile na nGeasúrach; ³Áirítear mar fhearann Canánach ó Shíochór atá lastoir den Éigipt ó thuaidh go teorainn Eacrón: (tá cúigear taoiseach ar na Filistínigh, taoiseach ag Gazá, ag Aisdeod, ag Aiscileon, ag Gat, agus ag Eacrón. Tá na Havaím ⁴laistea). Dúiche uile na gCanánach ó Ará atá i seilbh na Síodónach go hAfaec agus go teorainn na nAmórach, ⁵agus críocha na nGeabalach agus an Liobáin go léir soir ó Bhál Gád ag bun Sliabh Hearmón go Bealach Hamát. ⁶An mhuintir go léir atá ag cur fúthu sna hardáin ón Liobáin siar go Misreafot Maím, na Síodónaigh go léir, tiomáinfidh mé amach iad roimh Iosrael; ach déansa an talamh a roinnt ar cranna ar chlann Iosrael mar oidhreacht, faoi mar a d’ordaigh mé duit. ⁷Ní cás duit anois dá bhrí sin an fearann seo a roinnt ar na naoi dtreibheanna agus ar leath-threibh Mhanaise. [Tabhair dóibh ón Iordáin siar chun na Farraise Móire; beidh an Fharraise Mhór mar theorainn acu.]”

Na Treibheanna Lastall den Iordáin

⁸Fuair na Reúbaenaigh agus na Gádaigh [mar aon le leath-threibh eile Mhanaise] an oidhreacht a thug Maois óglach an Tiarna dóibh lastall den Iordáin soir amach. Bhronn



Maois óglach an Tiarna orthu ⁹ an dúiche soir óAroéir ar imeall silteán Arnón, agus ón gcathair i lár an choma, agus ardchlár Mheadabá go léir chomh fada le Díobón; ¹⁰ na cathracha go léir a bhí ag Síochon rí na nAmórach a rialaigh i Heisbeón chomh fada le teorainn na nAmónach, ¹¹ agus Gileád agus dúiche na nGeasúrach agus na Mácátach, Sliabh Hearmón go léir agus Báiseán go léir go Salacá; ¹² i mBáiseán, ríocht uile Óg a rialaigh in Aisteárót agus in Eidreí, agus arbh é iarmhar uaigneach na Rafáim é; chloígh Maois iadsan agus thiomáin as a seilbh iad. ¹³ Níor dhéir na hIosraelaigh na Geasúraigh ná na Mácátaigh; tá Geasúr agus Mácát ina gcuid d'Iosrael go dtí an lá inniu féin.

¹⁴ Treibh Léiví amháin nach bhfuair oidhreacht; (na hÍobairtí loiscthe do) an Tiarna Iosrael a n-oidhreacht faoi mar a dúirt sé leo.

¹⁵ Thug Maois oidhreacht do threibh chlann Reúbaen de réir a bhfiní. ¹⁶ Ba iad seo a gcríocha: ó Aroéir ar imeall silteán Arnón, agus an chathair i lár an choma, ardchlár Mhaedabá go léir, ¹⁷ le Heisbeón agus a cathracha go léir ar an ardchlár: Diobón, Bámót Bál, Béit Bál Meón, ¹⁸ Iahaz, Caedaemót agus Maefat, ¹⁹ Ciriataím, Suibmeá agus Zeirit Seahar ar ardáin an ghleanna; ²⁰ Béit Peór ar shleasa Phisceá, agus Béit Isimiot,

²¹ cathracha an ardchláir go léir, is é sin, agus ríocht uile Shíochon rí na nAmónach, a rialaigh i Heisbeón; chloígh Maois eisean, agus taoisigh Mhidián – Eiví, Reicim, Zúr, Húr, agus Reaba, prionsaí le Síochon a bhí ag cur fúthu sa tír. ²² Maidir le Balám mac Bheór, an fear feasa, mharaigh clann Iosrael le faobhar claímh é fara an muintir eile ar a ndearnadar eirleach. ²³ Shín fearann na Reúbaenach dá réir sin go dtí an Iordáin, a theorainn. Ba í sin oidhreacht na Reúbaenach de réir a bhfiní, leis na cathracha agus a mbailte máguaird.



²⁴Thug Maois oidhreacht de réir a bhfiní chomh maith do threibh Ghád. ²⁵Sé fearann a fuaireadar: Iazaer, cathracha uile Ghileád, leath-dhúiche na nAmónach, chomh fada le hAroéir sall os coinne Rabá, ²⁶agus ó Heisbeón go Rámat Mizpe agus Batonaím, agus ó Mhachanaím go dúiche Lidibir, ²⁷agus sa ghleann: Béit Hárám, Béit Nimreá, Sucót, agus Záfaón, an chuid eile de ríocht Shíochon rí Heisbeón. Ba í an Iordáin an teorainn go hÍochtar Muir Chinearat ar an taobh thoir den Iordáin. ²⁸Sin í oidhreacht chlan Ghád de réir a bhfiní, leis na cathracha agus lena mbailte máguaird.

²⁹(Do leath-threibh Mhanaise.) Thug Maois oidhreacht de réir a bhfiní do leath-threibh Mhanaise. ³⁰Shín a bhfearann ó Mhachanaím thar Bháiseán go léir, ríocht Óg rí Bháiseán go léir; coilíneachtaí uile Iáir i mBáiseán, trí fichid cathair. ³¹Tugadh leath Ghileád, Aistearót, Eidreí, agus cathracha ríoga Óg i mBáiseán do Mhácaír mac Mhanaise, do leath-chlan Mhácaír de réir a bhfiní.

³²Sin mar a roinn Maois na fearainn ar bhánta Mhóáb, lastall den Iordáin os coinne Ireachó. ³³Do threibh Léiví amháin níor thug Maois aon oidhreacht; an Tiarna, Dia Iosrael, a n-oidhreacht faoi mar a dúirt sé leo.

Na Trí Treibheanna Móra Laistiar den Iordáin

14 Seo iad na tailte a fuair clann Iosrael mar oidhreacht i dtír Chanán de réir mar a roinneadh orthu ag Eileázár an sagart agus Iósua mac Nún agus cinn finí chlan Iosrael. ²Rinneadh an roinnt don naoi dtreibh go leith ar cranna mar a d'ordaigh an



Tiarna do Mhaois. ³Thug Maois a n-oidhreacht féin don dá threibh go leith lastall den Iordáin, ach níor thug sé aon oidhreacht ina measc do chlann Léiví. ⁴Dhá threibh a ba ea clann Iósaeaf, Manaise agus Eafráim; níor tugadh aon chuid den fhearann do na Léivítigh ach cathracha áirithe le cónaí iontu, agus an talamh féaraigh ina dtimpeall dá n-eallach agus dá maoin. ⁵Ag roinnt an fhearainn dóibh rinne clann Iosrael mar a d’ordaigh an Tiarna do Mhaois.

⁶Tháinig dream de chlann Iúdá go Iósua ag Gilgeál, agus dúirt Cálaeb mac Iafuna, an Cinizeach, leis: “Tá fhios agat cad dúirt an Tiarna le Maois, óglach Dé, i gCáidéis Bairnéa mar gheall ortsa agus ormsa. ⁷Bhí mé daichead bliain d’aois nuair a sheol Maois ó Cháidéis Bairnéa mé chun an tír seo a bhrath, agus thug mé tuairisc dó le barr dílseachta. ⁸Ach mo bhráithre a ghabh suas liom, chuireadar lagmhisneach ar an bpobal, ach rinne mé féin rud ar an Tiarna go beacht. ⁹Mhionnaigh Maois an lá úd á rá: ‘An talamh ar ar leag tú bonn do choise, bí deimhin de go mbeidh sé ina oidhreacht agat féin agus ag do chlann go brach, óir rinne tú rud ar an Tiarna mo Dhia go beacht.’ ¹⁰Féach, choinnigh an Tiarna i mo bheatha mé ón lá úd go dtí seo, de réir mar a gheall sé. Tá cúig bliana agus daichead ann ó thug an Tiarna an gealltanais sin do Mhaois agus Iosrael fós ag taisteal tríd an bhfásach. Seo mé cúig bliana agus ceithre fichid d’aois anois. ¹¹Táim chomh laidir céanna inniu agus a bhí mé an lá a sheol Maois uaidh mé; tá mo neart anois chun troda, chun dul ar eachtra agus fillleadh, mar a bhí an uair ud. ¹²Tabhair dom más ea na hardáin a gheall an Tiarna dom an uair úd. Chuala tú an uair úd go raibh na hAnacaím ag cur fúthu ansiúd, agus gur mhór agus gur dhaingean iad a gcathracha. Má bhíonn an Tiarna faram, tiomáinfidh mé amach iad mar a dúirt an Tiarna.”



¹³Chuir Iósua a bheannacht ar Chálaeb mac Iafuna agus thug Heabrón dó mar oidhreacht. ¹⁴Uime sin d'fhan Heabrón i seilbh oidhreachta Chálaeb mac Iafuna an Cinizeach mar go ndearna sé rud ar an Tiarna, Dia Iosrael, go beacht. ¹⁵Ciriat Arba a bhí mar ainm ar Heabrón roimhe sin. Ba é an fear seo Arba an gaiscíoch ba mhó ag na hAnacaím.

Agus bhí sos ó chogadh ag an tír.

Treibh Iúdá

15 An chuid a fuair treibh chlann Iúdá de réir a bhfiní, shín sé ó dheas go teorainn Eadóm, ó fhásach Zin go Cáidéis siar ó dheas. ²Thosaigh a dteorainn theas ó íochtar Mhuir an tSalainn, ag an mbá a bhfuil a aghaidh ó dheas, agus ³shín laistea de Bhealach Acraibím, ar aghaidh trí Zin agus suas laistea de Cháidéis Bairnéa, thar Heizreón, ar aghaidh go hAdár, agus chas as sin go Carcá; ⁴ghabh ar aghaidh thar Azmón, tháinig amach ag sileán na hÉigipte, agus shroich ceann cúrsa ag an bhfarrage. Sin é a bheidh agaibh mar teorainn theas. ⁵Lastoir Muir an tSalainn an teorainn go béal na Iordáine. ⁶Ghabh an teorainn seo suas go Béit Hoglá, chuaigh ar aghaidh lastuaidh de Bhéit Arabá, agus shroich Lia Bhohan mac Reúbaen. ⁷Chuaigh an teorainn suas go Deibir ó Ghleann Ácór agus ó thuaidh i dtreo an fháinne cloch os comhair Bhealach Adumaím atá ar an taobh theas den ghleann; ghabh an teorainn ar aghaidh go huiscí Éan Seimis, agus stad ag Éan Rogael. ⁸Ansin ghabh an teorainn Gleann Bhein Hiniom suas ag teacht aneas ar shlios an Iabúsaigh (.i. Iarúsailéim); chuaigh an teorainn suas go mullach



an tsléibhe a threasnaíonn Gleann Hiniom, laistiar, ag imeall thuaidh Ghleann Rafáim.

⁹Chas an teorainn ó mhullach an tsléibhe i dtreo foinse Uiscí Neaftóach, agus as sin ar aghaidh go cathracha Shliabh Eafrón. Ansin chas sí i dtreo Bhálá (.i. Ciriát Iáraim).

¹⁰Chuaigh an teorainn timpeall Bhálá siar go Sliabh Shaeír; ghabh sí thar shlios thuaidh Sliabh Iáraim (.i. Casálón); síos léi go Béit Seimis agus thar Timneá; ¹¹shín sí go gualainn an tsléibhe lastuaidh de Eacrón; chas an teorainn ansin i dtreo Shicearón, ghabh thar Sliabh Bhálá; ar aghaidh léi amach go Iabnael agus shroich ceann cúrsa ag an bhfarraige.

¹²An Fharraige Mhór agus a feorainn an teorainn thiar. Sin é anois an teorainn timpeall an fhearainn a bronnadh ar chlann Iúdá de réir a bhfiní.

¹³Tugadh cuid i measc chlann Iúdá, de réir mar a d’ordaigh an Tiarna do Iósua, do Chálaeb mac Iafuna .i. Ciriát Arba, príomhchathair na nAnacaím (.i. Heabrón anois).

¹⁴Thiomáin Cálaeb triúr mac Anac amach aisti: Séisea, Aichímeán, agus Talmai, sliocht Anac. ¹⁵Ghabh sé suas as sin in aghaidh lucht áitribh Dheibír, ar a dtugtaí Ciriát Saefar tráth. ¹⁶Dúirt Cálaeb ansin: “Tabharfaidh mé m’iníon Acsá mar bhean don té a chloífidh agus a ghabhfaidh Ciriát Saefar.” ¹⁷Ba é fear a ghabh í ná Oitníéil mac Canaz, deartháir Chálaeb; thug Cálaeb a iníon Acsá dó le pósadh. ¹⁸Nuair a tháinig sí go dtí a fear, ghriog seisean í chun gort a iarraidh ar a hathair. Phreab sí dá hasal agus d’fhiafraigh Cálaeb di: “Cad tá uait?” ¹⁹D’fhreagair sise: “Tabhair bronntanas dom; ós rud é gur dhíbir tú mé go dtí an fásach, an Neigib, tabhair dom toibreacha éigin uisce.” Agus thug Cálaeb na toibreacha uachtaracha agus na toibreacha íochtaracha di. ²⁰Ba é sin oidhreacht threibh chlann Iúdá de réir a bhfiní.



²¹ Seo iad na cathracha le treibh chlann Iúdá is sia ó dheas i dtreo teorainn Eadóm sa Neigib: Cabzael, Éidir, Iágúr, ²²Cíneá, Dimeoná Adadá, ²³Ceidis, Házór, Itneán, ²⁴Zif, Teilim, Beálót, ²⁵Házór Hadatá, Ciriót Heizreon (.i. Házór), ²⁶Amám, Seamá, Móládá, ²⁷Hazar Gadá, Heismeon, Béit Peilit, ²⁸Hazar Siúál, Béar Seaba, Bizióitiá, ²⁹Bálá, Ím, Eizim, ³⁰Eilteolad, Ceisíl, Hormá, ³¹Zicleag, Madmaná, Sansaná, ³²Labáót, Silchím, Aín, agus Rimeon. ³³ Naoi gcathair fichead ar fad lena mbailte.

³⁴ Sna hísleáin: Eisteáól, Zorá, Aisneá, ³⁵Zánóa, Éan Gainím, Tapua, Éanáim, ³⁶Iarmút, Adullám, Sócó, Azaecá, Seáraí, Aidíteaim, Gadaerá, Gadaerotáim; ceithre chathair déag lena mbailte.

³⁷ Zeanán, Hadáiseá, Migdeal Gád, ³⁸Dileán, Mizpe, Ioctael, ³⁹Láicís, Bozcat, Eaglón, ⁴⁰Cabón, Lachmán, Citlís, ⁴¹Gadaerót, Béit Dágón, Námá, Macaedá. Sé chathair déag lena mbailte.

⁴² Libneá, Eitir, Áiseán, ⁴³Ifteách, Aisneá, Nizib, ⁴⁴Ceíleá, Aiczíb, Máraeiseá. Naoi gcathair lena mbailte.

⁴⁵ Eacrón lena bhailte agus a shráidbhailte. ⁴⁶ Ó Eacrón go muir, a bhfuil ar thaobh Aisdeod, lena bhailte. ⁴⁷ Aisdeod lena bhailte agus a shráidbhailte máguaird. Gazá lena bhailte agus a shráidbhailte máguaird chomh fada le sileán na hÉigipte; an Fharraige Mhór an teorainn.

⁴⁸ Sna hardáin: Seáimír, Iaitír, Sócó, ⁴⁹Daná, Ciriát Saná (.i. Deibír), ⁵⁰Anáb, Eistimeo, Áiním, ⁵¹Goisin, Holon, Giolo; aon chathair déag lena mbailte. ⁵²Aráb, Dúmá, Eiseán, ⁵³Iánúm, Béit Tapúach, Afaecá, ⁵⁴Humtá, Ciriát Arba (.i. Heabrón), Zíór; naoi



gcathracha lena mbailte. ⁵⁵Máón, Cairmeil, Zíf, Iútá, ⁵⁶Iazrael, Iocdám, Zanoách, ⁵⁷Caín, Gibeá, Timneá; deich gcathracha lena mbailte.

⁵⁸Halhúl, Béit, Zúr, Gadór, ⁵⁹Márát, Béit Anót, Eilteacon; sé chathair lena mbailte.

⁶⁰Ciriat Bál (.i. Ciriat Iáraim), agus Rabá; dhá chathair lena mbailte.

⁶¹San fhásach: Béit Arabá, Midín, Sacacá, ⁶²Nibseán, Cathair an tSalainn, Éan Geidí; sé chathair lena mbailte.

⁶³Ach níor fhéad muintir Iúdá na Iabúsaigh, lucht áitribh Iarúsailéim, a thiomáint amach; maireann na Iabúsaigh, dá réir sin, le muintir Iúdá in Iarúsailéim go dtí an lá inniu féin.

Treibh Eafráim

16 An chuid oidhreacht a fuair clann Iósaef ar cranna ghabh sí soir ón Iordáin, os comhair Ireachó sall; ghabh an teorainn ar aghaidh ó Ireachó, agus an t-ardchlár suas go fásach Bhéitéil, ²chuaigh sí ó Bhéitéil go Lúz agus ar aghaidh i dtreo theorainn na nAircíoch ag Atárót. ³Síos léi ansin agus siar go teorainn na nIaflaetach chomh fada le críocha Bhéit Horon íochtraigh, ansin go Geizir agus go ceann scríbe ag an bhfarraige. ⁴Sin í an oidhreacht a fuair muintir Iósaef, Manaise agus Eafráim.

⁵Maidir le fearann chlan Eafráim de réir a bhfiní: ba é Atárót Adár go Béit Horon uachtarach teorainn a n-oidhreacht lastoir. ⁶Shroich sí ceann scríbe ag an bhfarraige ... Micmeatát lastuaidh; chas an teorainn soir go Tanát Sileo, agus ar aghaidh thairis lastoir go Iánóchá. ⁷Ghabh sí síos ansin ó Iánóchá go hAtárót agus go Nárá, theagmhaigh le



Ireachó agus shroich ceann scríbe ag an Iordáin. ⁸Ghabh an teorainn siar ó Thapúach go síleán Cháná agus shroich ceann scríbe ag an bhfarraige. Ba é sin oidhreacht chlann Eafráim de réir a bhfiní, ⁹chomh maith leis na bailte a coinníodh do chlann Eafráim laistigh d’oidhreacht chlann Mhanaise – na bailte sin go léir lena sráidbhailte máguaird. ¹⁰Níor díbríodh na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i nGeizir; tá cónaí orthu in Eafráim go dtí an lá inniu, ach tá cuing na daoirse orthu.

Treibh Mhanaise

17 Fuair Manaise a chuid ar cranna mar gurbh é céadghin Iósaeif é; do Mhácaír, céadghin Mhanaise, agus athair Ghileád, tugadh Gileád agus Báiseán, mar ba dhual do fhear faobhair. ²Tugadh don chuid eile de threibh Mhanaise oidhreacht de réir a bhfiní – do chlann Aibíeizir, do chlann Héilic, do chlann Aisiríeil, do chlann Sheicim, do chlann Héifir, do chlann Shimídeá; ba shin iad síol chlann mhac Mhanaise mac Iósaeif, de réir a bhfiní. ³Zalofachád mac Héifir, mac Ghileád, mac Mhácaír, mac Mhanaise, ní raibh aon mhac aige ach iníonacha darbh ainm Machlá agus Noá agus Hogleá agus Milceá agus Tirzeá. ⁴Thángadar seo go dtí Eileázár an sagart agus go dtí Iósua mac Nún agus na ceannairí. “D’ordaigh an Tiarna do Mhaois,” ar siad, “oidhreacht a thabhairt dúinn i measc ár mbráithre.” Tugadh oidhreacht dóibh dá bhrí sin i measc bráithre a n-athar de réir mar a d’ordaigh an Tiarna. ⁵Ar an tslí sin fuair Manaise deich ranna seachas dúiche Ghileád agus Báiseán lastall den Iordáin, ⁶mar go bhfuair iníonacha Mhanaise oidhreacht chomh maith lena mhic. Leis an gcuid eile de chlann mhac Mhanaise dúiche Ghileád. ⁷Ar



thaobh Áisear ba é Micmeatát os comhair Sheicim teorainn Mhanaise; ghabh sí ó dheas ansin go Iaisíb ag tobar Thapúach. ⁸Le Manaise dúiche Thapúach, ach le clann Eafráim baile Thapúach féin ar an teorainn le Manaise. ⁹Ghabh an teorainn síos ansin go sileán Cháná (ba le treibh Eafráim na bailte laistea den sileán seachas iad siúd a bhí acu i measc bailte Mhanaise; lastuaidh den sileán a bhí críocha Mhanaise) agus shroich ceann scríbe ag an bhfarraige. ¹⁰Ó dheas bhí Eafráim; ó thuaidh bhí Manaise, agus an fharraige mar theorainn acu araon; shíneadar chomh fada le hÁisear thuaidh agus Íosácár thoir. ¹¹In Íosácár agus in Áisear bhí ag Manaise: Béit Seán agus a shráidbhailte máguaird; Ibleám agus a shráidbhailte, lucht Dhór agus a shráidbhailte, lucht Éan Dór agus a shráidbhailte, lucht Thánác agus a shráidbhailte, lucht Mhigideo agus a shráidbhailte, agus trian Neifit.

¹²De bhrí nár fhéad clann Mhanaise greim a fháil ar na cathracha sin, lean na Canánaigh orthu ina gcónaí sa dúiche sin. ¹³Nuair a chuaigh clann Iosrael i neart, chuireadar na Canánaigh faoi chuing na daoirse, ach gan iad a dhíbirt ar fad.

¹⁴Labhair teaghlach Iósaef le Iósua á rá: “Cén fáth nár thug tú dom ach aon chuid amháin, aon roinn amháin, mar oidhreacht, agus gur líonmhar iad mo mhuintir mar gur bheannaigh an Tiarna mé go dtí seo?” ¹⁵D’fhreagair Iósua: “Más pobal líonmhar sibh, suas libh chun na foraoise agus déanaigí talamh a ghlanadh i gcríocha na bPirizeach agus na Rafáim mar go bhfuil ardáin Eafráim róchúng daoibh.” ¹⁶D’fhreagair treibh Iósaef: “Ní leor dúinn na hardáin, ach tá carbaid iarainn ag na Canánaigh go léir atá ag cur fúthu sna machairí, acu siúd i mBéit Seán agus sna sráidbhailte máguaird, agus acu siúd i Machaire Izréil.” ¹⁷Dúirt Iósua ansin le teaghlach Iósaef, le hEafráim agus le Manaise: “Pobal mór sibh, agus pobal an-tréan; ní i dtaobh le haon roinn amháin a bheidh sibh; ¹⁸beidh na



hardáin in bhur seilbh, agus ní mór daoibh iad a ghlanadh mar tá siad faoi bhrat crann; beidh siad go léir in bhur seilbh ó cheann ceann, ach [ní] féidir daoibh na Canánaigh a dhíbirt de bharr a gcarbad iarainn agus a nirt.”

Na Treibheanna Eile

18 Chruinnigh tionól phobal uile Iosrael le chéile ag Sileo agus cóiríodh Both na Teagmhála ansiúd dóibh; bhí an tír uile faoina smacht agus faoina réir. ²Bhí seacht dtreibheanna fós ar chlann Iosrael a bhí gan oidhreacht a fháil. ³Ansin dúirt Iósua le clann Iosrael: “An fada eile an t-am a chuirfidh sibh amú agus gan dul isteach agus seilbh a thógáil ar an bhfearann a thug an Tiarna, Dia bhur n-aithreacha, daoibh? ⁴Toghaigí triúr as gach treibh, agus déanfaidh mé iad a sheoladh síos agus suas faoin tír d’fhonn go scríobhfaidís tuairisc air le haghaidh é a roinnt agus filleadh orm. ⁵Ní foláir daoibh an talamh a roinnt ina seacht ranna agus Iúdá ag fanacht ina dhúiche féin theas agus teaghlach Íosaef ina dhúiche féin thuaidh. ⁶Déanaigí an fearann a roinnt faoi seacht in bhur dtuarascáil agus tuairisc a thabhairt anseo chugamsa i dtreo go gcuirfinn ar cranna é anseo daoibh i láthair an Tiarna, ár nDia. ⁷Níl aon chuid ag na Léivítigh in bhur measc; sagartacht an Tiarna a gcuid. Tá a n-oidhreacht faighte ag Gád, ag Reúbaen, agus ag leaththreibh Mhanaise thoir lastall den Iordáin, faoi mar a thug Maois, óglach an Tiarna, dóibh.”

⁸Chuir na fir chun bealaigh. Dúirt Iósua leo siúd a bhí le tuairisc a scríobh ar an tír: “Déanaigí an tír a iniúchadh ó cheann ceann agus tuairisc a scríobh air, agus filligí ansin orm. Cuirfidh mé ar cranna daoibh é anseo i láthair an Tiarna i Sileo.” ⁹Rinne na fir an tír



a iniúchadh ó cheann ceann, agus scríobhadar tuairisc air, baile ar bhaile, i seacht ranna, agus d'fhilleadar ar Iósua sa champa i Sileo. ¹⁰Chuir Iósua ar cranna dóibh é i láthair an Tiarna i Sileo, agus roinn sé an talamh ansiúd ar chlann Iosrael, a chion féin do gach dream díobh.

Treibh Bhiniáimin

¹¹Thit a roinn féin le treibh Bhiniáimin de réir finí, agus tharla gur idir treibh Iúdá agus treibh Iósaeaf a bhí an roinn talún a thit leo. ¹²Ar an taobh thuaidh, thosaigh a dteorainn ag an Iordáin, ghabh suas gualainn thuaidh Ireachó, siar in airde trí na hardáin agus stad ag fásach Bhéit Ávan. ¹³Ghabh an teorainn ó dheas as sin i dtreo Lúz, go slios Lúz – Béitéil anois – ansin síos go Atarót Adár ar an sliabh laistean de Bhéit Horon Íochtarach. ¹⁴Bhí cor sa teorainn ansin agus chas sí ó dheas laistiar ón gcnoc theas sall ó Bhéit Horon, agus stad ag Ciriát Bál, Ciriát Iáraím sé sin, cathair le treibh Iúdá. Sin é an taobh thiar. ¹⁵Ar an taobh theas ghabh an teorainn ó imeall Chiriát Iáraím i dtreo [Ghaisin], agus go foinsí Uiscí Neaftóach. ¹⁶Ghabh an teorainn ansin síos le taobh an tsléibhe sall ó Ghleann Bhein Hiniom, lastuaidh de mhachaire na Rafáim, ansin síos isteach i nGleann Hiniom, laistean de ghualainn na Iabúsach síos amach go hÉan Rogael. ¹⁷Chas sé ó thuaidh ansin agus ar aghaidh go hÉan Seimis agus as sin go dtí na clocháin chruinne sall ó Ard Adumaím. ¹⁸Ar aghaidh léi ansin go Ceitif os comhair an Arabá, agus síos go dtí an tArabá agus go Lia Bhoan mac Reúbaen. ¹⁹Ghabh sí as sin ó thuaidh thar ghualainn Bhéit Hoglá. Stad an teorainn ag bá thuaidh Mhuir an tSalainn, ag bun na Iordáine theas. Sin í an teorainn



theas. ²⁰An Iordáin féin an teorainn thoir. Sin í oidhreacht chlann Bhiniáimin, agus na teorainneacha a chinntigh í mórthimpeall, ceann ar cheann.

²¹Seo iad cathracha threibh chlann Bhiniáimin de réir a bhfiní: Ireachó, Béit Hoglá, Éimic Cizíz, ²²Béit Arabá, Zamáraím, Béitéil, ²³Áivím, Pára, Ofrá, ²⁴Cafar Ámónaí, Oifní, Geaba – dhá chathair déag lena sráidbhailte; ²⁵Gibeón, Rámá, Beaeót, ²⁶Mizpe, Cifíreá, Mozá, ²⁷Reicim, Irpéil, Taralá, ²⁸Zaelá, Haeilif, Iarúsailéim, Gibeá, Ciriát Iáraím – ceithre cathracha déag lena sráidbhailte. Sin í oidhreacht chlann Bhiniáimin de réir a bhfiní.

Treibh Shimeon

19Ar Shimeon a thit an dara crann, ar threibh chlann Shimeon de réir a bhfiní; bhí a n-oidhreacht i lár oidhreacht threibh Iúdá. ²Fuaireadar mar chuid ronna: Béar Seaba, Seaba, Móládá, ³Hazar Siúál, Bálá, Eizim, ⁴Eilteólad, Batúl, Hormá, ⁵Zicleag, Béit Marcábot, Hazar Súsá, ⁶Béit Labáót, Seárúchan – trí cathracha déag lena sráidbhailte. ⁷Aín, Rimeon, Eitir, Aiseán – ceithre cathracha lena sráidbhailte. ⁸Leosan gabhann na sráidbhailte go léir timpeall ar na cathracha sin chomh fada le Bálat Béar agus Rámá an Neigib. Sin í oidhreacht threibh chlann Shimeon de réir a bhfiní. ⁹Cuid de thailte threibh Iúdá a tugadh mar oidhreacht do threibh chlann Shimeon, mar bhí roinn threibh Iúdá rómhór dóibh; sin é an fáth gur laistigh d’oidhreacht chlann Iúdá a fuair clann Shimeon a n-oidhreacht féin.



Treibheanna Zabúlun agus Íosácár

¹⁰Thit an tríú crann ar threibh Zabúlun de réir a bhfiní. Shín a dtailte oidhreacht chomh fada le Sáraíd. ¹¹Ghabh a dteorainn siar in airde go Maral, cneas le Daibisít ar dtús agus ansin leis an gcom sall ó Iocnán; ¹²Ghabh an teorainn soir i dtreo éirí gréine ó Sháraíd go teorainn Chioslot Tábor, ansin i dtreo Dhobrat agus ansin suas go Iáifia. ¹³Ghabh sí ar aghaidh soir ansin i dtreo éirí gréine go Gát Héifir agus go hÍt Cázaín; bhain sí amach Rimeon, agus chas i dtreo Néá. ¹⁴Ag gabháil ó thuaidh ansin di chas sí i dtreo Hanaton agus stad ag machaire Ifteachael. ¹⁵Mar aon leis sin bhí Catá, Nahalál, Simreon, Idealá agus Beithil – dhá chathair déag lena sráidbhailte. ¹⁶Sin í oidhreacht chlan Zabúlun, de réir a bhfiní – na cathracha sin agus a sráidbhailte.

¹⁷Thit an ceathrú crann ar Íosácár, ar threibh Íosácár de réir a bhfiní. ¹⁸Ar a dtailte bhí Izréil, Casulót, Siúnaem, ¹⁹Hafáraím, Síón, Anácharát, ²⁰Raibít, Ciseon, Eibiz, ²¹Reimit, Éan Gainím, Éan Hadá, Béit Pazaz. ²²Ghabh a dteorainn cneas le Tábor agus Seachazaímeá agus Béit Seimis, agus stad ag an Iordáin – sé cathracha déag lena sráidbhailte. ²³Sin í oidhreacht chlan Íosácár de réir a bhfiní – na cathracha lena sráidbhailte.

Treibheanna Áiséar agus Naftáilí

²⁴Thit an cúigiú crann ar threibh chlan Áiséar de réir a bhfiní. ²⁵Ina bhfearann bhí Healcat, Haili, Beitin, Aicseáf, ²⁶Alam Meilic, Amád, Miseál; ar an taobh thiar shroich sé



Cairmeil agus srutháin Libneát. ²⁷ Ar an taobh eile ghabh sé soir go Béit Dágón, shín chomh fada le Zabúlun agus Gleann Ifteachael, ó thuaidh go Béit Éimic agus Níeil; as sin ar aghaidh go Cábúl. Ar an taobh thuaidh ²⁸ bhain Eibreon, Rachob, Hamón, Cáná agus as sin go Síodón Mhór leis. ²⁹ Ghabh an teorainn ansin i dtreo Rámá, agus shroich daingean na Tuíre agus Hósá agus stad ag an bhfarráige. Machalab, Aiczíb, ³⁰ Umá, Afaec, Rachob – dhá chathair fichead lena sráidbhailte. ³¹ Sin í oidhreacht threibh chlann Áiséar de réir a bhfiní – na cathracha sin lena sráidbhailte.

³² Thit an séú crann ar chlann Naftáilí, ar chlann Naftáilí de réir a bhfiní. ³³ Shín a gríocha ó Heilif agus ó Dhair Zanainím go hAdamáí Neicib, go Iabnael, agus ar aghaidh go Lacúm, agus stad siad ag an Iordáin. ³⁴ Ghabh an teorainn thiar go hAznót Tábór agus as sin go Hucoc, cneas le Zabúlun laistean agus le hÁiséar laistiar, agus le Iúdá lastoir ag an Iordáin. ³⁵ Seo iad na cathracha daingne: Zidím, Zéar, Hamat, Racat, Cineirit, ³⁶ Adámá, Rámá, Házor, ³⁷ Ceidis, Eidreí, Éan Házór, ³⁸ Íreon, Migdeál Éil, Horaem, Béit Anát, Beit Seimis – naoi gcathair déag lena sráidbhailte. ³⁹ Sin í oidhreacht chlann Naftáilí de réir a bhfiní, na cathracha lena sráidbhailte.

Treibh Dhán

⁴⁰ Thit an seachtú crann ar chlann Dhán de réir a bhfiní. ⁴¹ Bhain lena bhfearann oidhreachta: Zorá, Eisteáól, Ír Seimis, ⁴² Sealaibín, Aialón, Itleá, ⁴³ Eileon, Timneá, Eacrón, ⁴⁴ Eilticé, Gibiteon, Bálát, ⁴⁵ Iahud, Beiné Barac, Gat Rimeon, ⁴⁶ Mé Iarcón, Racón agus an dúiche sall ó Iopa. ⁴⁷ Ach chuir lucht dhúiche chlann Dhán ina n-aghaidh,



agus ghabh clann Dhán ó thuaidh dá bhrí sin agus d'ionsaíodar Leisim; ghabh siad é agus d'imir faobhar claímh air. Thóg siad seilbh ar an gcathair agus chuir fúthu inti, agus d'athraigh siad a hainm ó Leisim go Dán, i gcuimhne a sinsir, Dán. ⁴⁸Sin í oidhreacht threibh chlann Dhán de réir a bhfiní, na cathracha sin lena sráidbhailte.

⁴⁹B'shin deireadh le cranna á gcur chun an tír a roinnt mar sheilbh oidhreachta. Thug clann Iosrael oidhreacht ina measc do Iósua mac Nún. ⁵⁰Thug siad dó, ar ordú an Tiarna, a rogha cathair, Timneár Searach in ardáin Eafraim. Rinne sé an chathair sin a atógáil agus chuir faoi inti.

⁵¹Sin iad na hoidhreachtaí a rinne Eileázár sagart, Iósua mac Nún, agus ceann gach fine a dháileadh ar cranna ar na treibheanna i Sileo i láthair an Tiarna, ag doras Bhoth na Teagmhála. B'shin é an clabhsúr acu ar roinnt na críche.

Cathracha Tearmainn

20Dúirt an Tiarna le Iósua: ²“Labhair leis na hIosraelaigh agus abair leo: ³“Ainmnígí na cathracha tearmainn ar ar labhair mé libh trí Mhaois; cathracha inar féidir le marfóir a dhéanann marú gan bheartú nó trí thaisme dídean a fháil; beidh na cathracha seo mar thearmann agaibh ón díoltach fola. ⁴Ní miste don mharfóir teitheadh go dtí ceann de na cathracha seo; seasadh sé ag an mbealach isteach trí gheata na cathrach agus míníodh sé a chás do sheanáirí na háite. Tabharfaidh siad isteach sa chathair ansin é agus tabharfaidh siad áit chónaithe dó ina measc. ⁵Má bhíonn an díoltach fola sa toír air, ná tugaidís an marfóir ar lámh dó, mar gur mharaigh sé a chomharsa trí thaisme, gan aon



fhaltanas a bheith aige leis roimhe sin. ⁶Fanadh an marfóir sa chathair sin nó go seasa sé a thriail os comhair an chomhthionóil, go bhfaighe an t-ardsagart in oifig bás; tá cead ansin ag an marfóir filleadh ar a chathair féin agus ar a bhaile féin, ar an gcathair as ar theith sé.”

⁷Roghnaíodar Ceidis sa Ghailíl in ardáin Naftáilí, agus Seicim in ardáin Eafráim, agus Ciriát Arba (Heabrón is é sin) in ardáin Iúdá. ⁸Lastall den Iordáin, lastoir sall ó Ireachó, san fhásach ar an ardchlár, roghnaíodar Beizir le treibh Reúbaen, agus Rámót Gileád le treibh Ghád, agus Golán i mBáiseán le treibh Mhanaise. ⁹Sin iad na cathracha a cuireadh i leataobh do mhuintir Iosrael go léir, agus don deoraí ina chónaí ina measc, mar a bhféadfadh an marfóir tearmann a fhail, an té is é sin a mharaigh a chomharsa go ciniúnach; agus a anam a bhreith leis ón díoltach fola go seasfadh sé a thriail os comhair an chomhthionóil.

Cathracha Léivíteacha

21 Ansin tháinig ceannairí finí na Léivíteach go hEileázár sagart agus go Iósua mac Nún, agus go ceannairí finí threibheanna Iosrael – ²Bhíodarsan ag Sileo i dtír Chanán. Dúirt siad leo: “D’ordaigh an Tiarna trí Mhaois cathracha a thabhairt dúinn le cónaí iontu, agus an talamh timpeall orthu mar fhéarach dár n-eallach.” ³Dá réir sin de bharr ordú an Tiarna, thug clann Iosrael na cathracha seo inár ndiaidh agus an talamh féaraigh a ghabh leo do na Léivítigh as a n-oidhreacht.



⁴Caitheadh cranna ar son chuid finí na gCohátach. Thit trí chathair déag de chuid treibheanna Iúdá, Shimeon, agus Bhiniáimin leis na Léivítigh a chin ó chlann Árón an sagart. ⁵An chuid eile de chlann Chohát, fuair siad ar cranna, fine ar fhine, deich gcathair ó threibheanna Eafráim, Dhán agus leath-threibh Mhanaise. ⁶Fuair clann Ghéirseon ar cranna, fine ar fhine, trí chathair déag ó threibheanna Íosácár, Áiséar, Naftáilí agus an leath de threibh Mhanaise a chuir faoi i mBáiseán. ⁷Fuair clann Mharáraí ar cranna, fine ar fhine, dhá chathair déag de threibh Reúbaen, Ghád agus Zabúlun. ⁸Thug clann Iosrael na cathracha seo agus an talamh féaraigh a ghabh leo do na Léivítigh faoi mar a d'ordaigh an Tiarna trí bhéal Mhaois.

⁹De threibh Iúdá agus de threibh Shimeon thugadar na cathracha seo a luafaimid ó ainm inár ndiaidh; ¹⁰sliocht Árón a fuair iad seo, fine de chuid na gCohátach a bhain le treibh Léiví mar gur orthu a thit an chéad chrann. ¹¹Thugadar dóibh Ciriát Arba (Arba athair Anac), Heabrón is é sin, in ardáin Iúdá, agus an talamh féaraigh ina thimpeall.

¹²Ach thugadar garraithe agus sráidbhailte na cathrach seo ina sheilbh do Chálaeb mac Iafuna. ¹³Thugadar do chlann Árón, an sagart, Heabrón, cathair thearmainn do mharfóirí, agus an talamh féaraigh ina thimpeall; thugadar freisin Libneá lena thalamh féaraigh, ¹⁴agus Iaitír lena thalamh féaraigh, Eistimeo lena thalamh féaraigh, ¹⁵Holon lena thalamh féaraigh, Deibír lena thalamh féaraigh, ¹⁶Aín lena thalamh féaraigh, Iutá lena thalamh féaraigh, Béit Seimis lena thalamh féaraigh – naoi gcathracha de chuid an dá threibh sin. ¹⁷Ansin de threibh Bhiniáimin, Gibeón lena thalamh féaraigh, Geaba lena thalamh féaraigh, ¹⁸Anatót lena thalamh féaraigh, Almón lena thalamh féaraigh – ceithre



cathracha. ¹⁹Ba é an líon cathracha ar fad a bhí ag sliocht Árón, na sagairt, trí cathracha déag lena dtalamh féaraigh.

²⁰Maidir le finí chlann Chohát, na Léivítigh eile de chlann Chohát, thit cathracha leo do threibh Eafráim. ²¹Tugadh dóibh Seicim, an chathair thearmainn don mharfóir, lena thalamh féaraigh in ardáin Eafráim, agus Geizir lena thalamh féaraigh, ²²agus Ciobzaím lena thalamh féaraigh, Béit Horon lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha; ²³de threibh Dhán, Eilticé, lena thalamh féaraigh, Gibiteon lena thalamh féaraigh, ²⁴Aialón lena thalamh féaraigh, Gat Rimeon lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha. ²⁵De leath-threibh Mhanaise, Tánác lena thalamh féaraigh, agus Ibleám lena thalamh féaraigh – dhá chathair. ²⁶Ba é an líon cathracha ar fad a bhí ag an chuid eile d’fhiní chlann Chohát, deich gcathracha ar fad lena dtalamh féaraigh.

²⁷Tugadh do shliocht Ghéirseon, d’fhiní Léivíteach, de leath-threibh Mhanaise, an chathair thearmainn don mharfóir Golán i mBáiseán, lena thalamh féaraigh, agus Aistearót lena thalamh féaraigh – dhá chathair. ²⁸De threibh Íosácár Diseon lena thalamh féaraigh, Dábarat lena thalamh féaraigh, ²⁹Iarmút lena thalamh féaraigh, Éan Gainím lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha. ³⁰De threibh Áiséar Miseal lena thalamh féaraigh, Abdón lena thalamh féaraigh, ³¹Healcat lena thalamh féaraigh, Rachob lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha. ³²De threibh Naftáilí, Ceidis, an chathair thearmainn don mharfóir sa Gailíl, lena thalamh féaraigh, Hamat Dór lena thalamh féaraigh, agus Cartán lena thalamh féaraigh – trí cathracha. ³³Ba é an líon cathracha ar fad a bhí ag na Géirseonaigh, de réir a bhfiní, trí chathair déag lena dtalamh féaraigh.



³⁴Tugadh do shliocht Mharáraí, an chuid eile de na Léivítigh, ceithre cathracha lena dtalamh féaraigh, de threibh Zabúlun, Iocnám, lena thalamh féaraigh, Cartá lena thalamh féaraigh, ³⁵Rimeon lena thalamh féaraigh, Nahalál lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha. ³⁶De threibh Reúbaen, lastall den Iordáin, Beizir lena thalamh féaraigh, Iaház lena thalamh féaraigh, ³⁷Cidéamót lena thalamh féaraigh, Maefát lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha. ³⁸De threibh Ghád, Rámot i nGileád lena thalamh féaraigh, an chathair thearmainn don mharfóir, Machanaím lena thalamh féaraigh, ³⁹Heisbeon lena thalamh féaraigh, Iazaer lena thalamh féaraigh – ceithre cathracha ar fad. ⁴⁰Ba é an líon cathracha a tugadh, fine ar fhine, do shliocht Mharáraí, a raibh fágtha d’fhiní na Léivíteach is é sin, dhá chathair déag.

⁴¹Ba é an líon cathracha i gcríocha chlann Iosrael a bronnadh ar na Léivítigh, ocht gcathair agus daichead lena dtalamh féaraigh. ⁴²Ghabh a talamh féaraigh máguaird le gach cathair díobhsan; mar sin a bhí ag gach cathair díobh.

⁴³Ar an gcaoi sin bhronn an Tiarna ar Iosrael an talamh go léir a mhionnaigh sé dá n-aithreacha a thabharfadh sé dóibh; ghabhadar seilbh air agus chuireadar fúthu ann. ⁴⁴Thug an Tiarna síocháin dóibh ar gach teorainn faoi mar a mhionnaigh sé dá n-aithreacha; níor éirigh le hoiread agus namhaid dá gcuid an fód a sheasamh ina n-aghaidh, mar gur chuir an Tiarna a naimhde go léir faoina mbois. ⁴⁵Oiread agus gealltanais de na gealltanais fhónta go léir a thug an Tiarna do theaghlach Iosrael, níor theip; comhlíonadh gach ceann.



Filleann Treibheanna an Oir thir

22Chuir Iósua fios ar na Reúbaenaigh, ar na Gádaigh agus ar leath-threibh Mhanaise. ²Dúirt sé leo: “Tá gach ní a d’ordaigh Maois, óglach an Tiarna, daoibh curtha i gcrích agaibh; agus gach aon ordú a thug mise daoibh, thug sibh cluas do mo ghlór maidir leo. ³Níor thréig sibh bhur mbráithre le linn an fheachtais fhada seo, go dtí an lá seo féin, ach chomhlíon sibh go beacht orduithe an Tiarna, bhur nDia. ⁴Tá suaimhneas tugtha ag an Tiarna, bhur nDia, do bhur mbráithre mar a gheall sé dóibh. Filligí dá bhrí sin agus ar ais abhaile libh mar a bhfuil bhur dtailte, na tailte a thug Maois, óglach an Tiarna, mar shealúchas daoibh lastall den Iordáin. ⁵Féachaigí chuige le barr cúraim go gcomhlíonfaidh sibh na haitheanta agus an dlí a thug Maois, óglach an Tiarna, daoibh; bíodh grá agaibh don Tiarna, bhur nDia, leanaigí ar a chosáin i gcónaí, comhlíonaigí a aitheanta, bígí dílis dó agus déanaigí seirbhís dó ó chroí go hiomlán agus ó anam go hiomlán.”

⁶Chuir Iósua a bheannacht orthu agus sheol uaidh iad agus d’imíodar leo abhaile. ⁷Bhí tailte i mBáiseán tugtha ag Maois do leath-threibh Mhanaise; don leath eile thug Iósua tailte eile i measc a mbráithre ar bhruach thiar na Iordáine. Nuair a bhí Iósua á seoladh abhaile, chuir sé a bheannacht orthu ⁸agus dúirt leo: “Tá sibh ag filleadh abhaile lena lán maoinne, le mórchuid eallaigh, le hairgead agus ór, le cré-umha agus iarann agus le flúirse éidí. Déanaigí creach seo bhur naimhde a roinnt ar bhur mbráithre chomh maith.”



⁹D'imigh na Reúbaenaigh, na Gádaigh, agus leaththreibh Mhanaise abhaile arís. D'fhág siad clann Iosrael i Sileo i dtír Chanán, agus d'fhill ar ais ar dhúiche Ghileád, na tailte a bhain leo, mar ar chuir siad fúthu de réir mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh ó bhéal Mhaois. ¹⁰Nuair a shroich siad na ciorcail chloch ag an Iordáin i gcríocha na gCanánach, thóg na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise altóir ag an Iordáin i gcríocha na gCanánach, altóir mhór thaibhseach. ¹¹Fuair na hIosraelaigh gaoth an fhocail faoi seo: “Féach,” a deirtí, “thóg na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise altóir ar theorainn tír Chanán, in aice na gciorcail chloch ag an Iordáin, ar thaobh thailte na nIosraelach.” ¹²Arna chlos sin dóibh, thionól pobal Iosrael go léir ag Sileo le fonn cogadh a chur orthu.

¹³Sheol clann Iosrael chun na Reúbaenach, na nGádach, agus leath-threibh Mhanaise i dtír Ghileád, Píneachás sagart, mac Eileázár, ¹⁴agus, mar aon leis, deichniúr ceannairí, ceannaire agus ceann fine as gach treibh in Iosrael; ba cheann fine ar chlanna Iosrael gach duine díobh. ¹⁵Nuair a tháinig siad chun na Reúbaenach, na nGádach, agus leaththreibh Mhanaise i dtír Ghileád, is é a dúirt siad seo leo: ¹⁶“Mar seo a deir comhthionól uile an Tiarna libh: ‘Cén chealg í seo a rinne sibh in aghaidh Dia Iosrael? Cad ab áil libh ag casadh i leataobh ón Tiarna inniu, ag tógáil altóra agus ag déanamh ceannairce inniu in aghaidh an Tiarna?’ ¹⁷Nár leor an peaca ag Peór, peaca nach bhfuil glanta ar fad dinn fós d'ainneoin na plá a tháinig dá bharr ar chomhthionól an Tiarna go léir?’ ¹⁸De bhrí gur chas sibh i leataobh ón Tiarna a leanúint inniu, agus ceannairce a dhéanamh inniu in aghaidh an Tiarna, beidh seisean i bhfearg le comhthionól Iosrael go léir amárach. ¹⁹An amhlaidh go bhfuil bhur bhfearann truailithe? Tagaigí anall, más ea, go fearann an Tiarna mar a bhfuil



Both an Tiarna ina seasamh anois, agus faighigí oidhreacht daoibh féin inár measc; ach ná déanaigí ceannairc in aghaidh an Tiarna, agus ná déanaigí lucht ceannairce dínne chomh maith, le haltóir a thógáil daoibh féin seachas altóir an Tiarna ár nDia. ²⁰Nuair a rinne Ácán mac Zearach feall ar iontaoibh maidir leis an mbang, nár tháinig fearg an Tiarna ar chomhthionól Iosrael go léir? Ní hé féin amháin a scriosadh de bharr a pheaca.”

²¹Ansín mar fhreagra ar chinn finí Iosrael dúirt na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise: ²²“Dia na ndéithe, an Tiarna, Dia na ndéithe, is maith atá a fhios ag an Tiarna, agus bíodh a fhios ag Iosrael chomh maith: má rinneamar ceannairc nó feall in aghaidh an Tiarna, ná déanadh sé anacal orainn inniu; ²³nó má thógamar altóir chun casadh i leataobh agus gan an Tiarna a leanúint, agus íobairtí uileloiscthe agus abhlanna agus íobairtí comaoineach a o fráil uirthi, go ndéana an Tiarna féin é a agairt orainn!

²⁴Ach le fírinne, rinneamar é le heagla go ndéarfadh bhur gclannsa lá éigin lenár gclannna: ‘Cén bhaint atá agaibhse leis an Tiarna, Dia Iosrael? ²⁵Nach ndearna an Tiarna teorainn den Iordáin idir sinne agus sibhse, a chlann Reúbaen agus a chlann Ghád? Níl cuid agaibh sa Tiarna.’ Ar an gcaoi sin d’fhéadfadh bhur gclannsa a chosc ar ár gclann-na seirbhís a thabhairt don Tiarna. ²⁶Dúramar dá bhrí sin: ‘Tógaimís altóir anois, ní le haghaidh ofrálacha uileloiscthe ná íobairtí, ²⁷ach le bheith ina finné, idir sinne agus sibhse agus idir ár sliocht inár ndiaidh, go dtugaimid seirbhís don Tiarna lenár n-íobairtí uileloiscthe agus ár n-abhlanna agus ár n-íobairtí comaoineach ina láthair, le heagla go mba fhéidir le bhur gclannsa a rá lenár gclann-na: “Níl cuid agaibh sa Tiarna.”’ ²⁸Mheasamar dá ndéarfaí a leithéid sin linn féin nó lenár sliocht lá éigin le teacht, go ndéarfaimís: ‘Féach, an macasamhail seo d’altóir an Tiarna a rinne ár n-aithreacha, ní le haghaidh ofrálacha



uileloiscthe ná íobairtí, ach le bheith ina finné idir sibhse agus sinne.’²⁹ I bhfad uainne ceannairc a dhéanamh in aghaidh an Tiarna, nó casadh i leataobh agus gan an Tiarna a leanúint trí altóir a thógáil d’íobairt uileloiscthe nó d’abhlanna, nó d’íobairt chomaoineach, seachas altóir an Tiarna, ár nDia, a sheasann os comhair a bhotha!”

³⁰Nuair a chuala Píneachás sagart agus ceannairí an chomhthionóil, cinn finí Iosrael, a bhí in éineacht leis, na focail a dúirt clann Reúbaen, clann Ghád, agus clann Mhanaise, d’aontaíodar leo le fonn. ³¹Ansín dúirt Píneachás mac Eileázár sagart le clann Reúbaen, clann Ghád, agus clann Mhanaise: “Tá a fhios againn go dianmhaith anois go bhfuil an Tiarna inár measc, mar ní dhearna sibh an feall seo ar an Tiarna; tá clann Iosrael, más ea, fuascailte agaibh ó láimh an Tiarna.” ³²Ansín d’fhág Píneachás sagart, mac Eileázár, agus na ceannairí slán ag clann Reúbaen agus ag clann Ghád agus d’fhill ó thír Ghileád ar thír Chanán agus ar chlann Iosrael agus thug tuairisc dóibh. ³³Thaitin an tuairisc seo le clann Iosrael, agus ghabh siad buíochas leis an Tiarna, agus bhí deireadh acu le caint ar chogadh a chur orthu, agus ar an tír inar chuir clann Reúbaen agus clann Ghád fúthu a chreachadh. ³⁴Thug clann Reúbaen agus clann Ghád [Finné] mar ainm ar an altóir, “Mar,” ar siad, “beidh sí ina finné eadrainn gurb é an Tiarna is Dia.”

Teachtairacht Deiridh Iósua dá Phobal

23 I bhfad ina dhiaidh sin, nuair a bhí suaimhneas tugtha ag an Tiarna d’Iosrael ó chiapadh a naimhde go léir ina dtimpeall, agus Iósua féin ina sheanduine anonn go maith sna blianta,² chuir Iósua tionól ar Iosrael go léir, ar a seanóirí, a dtaoisigh, a



mbreithiúna agus a bhfeidhmeannaigh, agus dúirt sé leo: “Seanduine mise anois, anonn go maith sna blianta. ³Chonaic sibhse féin le bhur súile cinn na nithe sin go léir a rinne an Tiarna ár nDia leis na ciníocha seo go léir. An Tiarna bhur nDia a throid ar bhur son.

⁴Dháil mé oraibh, mar oidhreacht do bhur dtreibheanna, na ciníocha atá fós gan cloí chomh maith leo sin go léir a scrios mé idir an Iordáin agus an Fharrage Mhór thiar.

⁵Déanfaidh an Tiarna bhur nDia iad a thiomáint amach romhaibh, agus iad a dhíbirt ó bhur láthair, agus gheobhaidh sibh seilbh ar an talamh mar a gheall an Tiarna bhur nDia daoibh. ⁶Seasaigí an fód dá bhrí sin agus déanaigí agus comhlíonaigí a bhfuil scríofa i

leabhar dlí Mhaois, gan claonadh ar dheis uaidh, ná ar chlé, ⁷ná caidreamh a dhéanamh leis na ciníocha atá fágtha fós in bhur measc, ná ainmneacha a ndéithe a lua, ná mionnú dar iad, ná fónamh dóibh, ná sléachtadh rompu. ⁸Ach bígí dílis don Tiarna bhur nDia mar a bhí sibh go dtí an lá seo féin. ⁹Óir dhíbir an Tiarna ciníocha móra tréana romhaibh agus níorbh fhéidir d’aon duine an fód a sheasamh in bhur n-aghaidhse go dtí inniu féin.

¹⁰Cuireann duine agaibh an teitheadh ar mhíle, mar is é an Tiarna bhur nDia a throideann ar bhur son, faoi mar gheall sé daoibh. ¹¹Déanaigí deimhin de, más ansa libh bhur n-anam,

grá a thabhairt don Tiarna bhur nDia. ¹²Má bhíonn sibh mídhílis agus caidreamh a dhéanamh le fuíoll na gciníocha a fágadh anseo in bhur measc, agus cleamhnais a dhéanamh leo i dtreo go bpósfaidh sibh a gcuid ban agus go bpósfaidh siadsan bhur gcuidse, ¹³bíodh a fhios agaibh go dearfa nach leanfaidh an Tiarna bhur nDia air ag díbirt na gciníocha seo romhaibh; beidh siad mar ghaiste agus mar shlogaide agaibh, mar sciúirse ar bhur maotháin agus mar dhealg in bhur súile go dté sibh ar ceal ón tír fhónta seo a thug an Tiarna daoibh.



¹⁴“Ní foláir domsa anois bealach na cré go léir a ghabháil. Déanadh gach mac máthar díbh a admháil ó chroí agus ó anam, nár theip ar oiread agus gealltanais de na gealltanais go léir a thug an Tiarna bhur nDia in bhur dtaobh; comhlíonadh iad go léir, gan ceann a theip. ¹⁵Ach má comhlíonadh daoibh gach gealltanais fóna a thug an Tiarna bhur nDia daoibh, comhlíonfaidh an Tiarna chomh maith gach urchóid atá á bagairt aige oraibh, go fiú sibh a scrios as an tír fhóna a thug an Tiarna bhur nDia daoibh. ¹⁶Má bhriseann sibh an Conradh a d’éiligh an Tiarna bhur nDia oraibh, agus dul agus fónamh do dhéithe eile agus sléachtadh dóibh, ansin déanfar fearg an Tiarna a dhaint in bhur gcoinne, agus scriosfar sibh go tapa de dhroim na tíre fóna a thug sé daoibh.”

An Tionól Mór i Seicim

24 Chuir Iósua tionól ar threibheanna uile Iosrael go Seicim, agus ghair sé chuige seanóirí agus taoisigh agus breithiúna agus feidhmeannaigh Iosrael, agus tháinig siad i láthair Dé. ² Ansin dúirt Iósua leis an bpobal uile: “Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Bhí cónaí ar bhur n-aithreacha taobh thall den Abhainn anallód – Tearach, is é sin, athair Abrahám agus Náchór – agus rinneadar fónamh do dhéithe eile. ³ Ansin thóg mé bhur n-athair Abrahám ón taobh eile den Abhainn anall, á threorú trí thír uile Chanán. Mhéadaigh mé a shliocht agus thug mé Íosác do. ⁴ Thug mé Iacób agus Éasaú d’Íosác. Thug mé sléibhte Shaeir le sealbhú d’Éasaú, ach chuaigh Iacób agus a chlann síos chun na hÉigipte. ⁵ Ansin chuir mé uaim Maois agus Árón, gur chraigh mé an Éigipt leis na héachtaí a rinne mé ina measc; agus ina dhiaidh sin thug mé sibhse amach. ⁶ Thug mé bhur n-aithreacha amach as an Éigipt agus tháinig sibhse chun na Farraise; chuaigh na



hÉigiptigh sa tóir ar bhur n-aithreacha le carbaid agus le marcshlua nó gur shroicheadar Muir na nGiolcach. ⁷Nuair a ghlaoih siad ar an Tiarna ansiúd, chuir sé scamall dorcha idir sibh agus na hÉigiptigh agus thug ar an muir teacht anuas sa mhullach orthu agus iad a bhá. Chonaic sibh a ndearna mé ar an Éigipt le bhur súile cinn féin, agus mhair sibh san fhásach ar feadh i bhfad. ⁸Thug mé ina dhiaidh sin sibh go críoch na nAmórach, cine a bhí lonnaithe ar an taobh thall den Iordáin. Throid siadsan libh agus thug mé ar láimh daoibh iad ionas gur ghlac sibh seilbh ar a dtír mar gur scrios mé romhaibh iad. ⁹Ansin is ea a d'eirigh Bálac mac Zipeor, rí Mhóáb, gur chuir sé cogadh ar Iosrael. Chuir sé fios ar Bhalám mac Bheór á iarraidh air mallacht a chur oraibh. ¹⁰Ach ní éistfinn le Balám agus is amhlaidh a bheannaigh sé sibh, agus mar sin shaor mé óna láimh sibh. ¹¹Ghabh sibh thar an Iordáin ansin gur bhain sibh Ireachó amach. Chuir muintir Ireachó cath oraibh, rud freisin a rinne na hAmóraigh, na Pirizigh, na Canánaigh, na Hitigh, na Giorgáisigh, na Hivigh, na Iabusaigh; ach thug mé iad go léir ar láimh daoibh. ¹²Chuir mé an cearnabhán chun tosaigh oraibh a ruaig an dá rí Amóracha romhaibh amach; níorbh é do chlaíomh ná do bhogha a rinne é sin. ¹³Thug mé daoibh dúiche nár shaothraigh sibh féin inti, agus cathracha nach sibh a thóg iad, bíodh go gcónaíonn sibh iontu anois; itheann sibh toradh fíonghort agus garrán ológ nár phlandaigh sibh féin.'

¹⁴“Bíodh eagla oraibh roimh an Tiarna anois dá bhrí sin agus fónaigí dó go dílis dáiríre. Cuirigí uaibh na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn agus san Éigipt, agus déanaigí fónamh don Tiarna. ¹⁵Ach mura mian libh fónamh don Tiarna, déanaigí bhur rogha inniu idir na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn, agus déithe na nAmórach a gcónaíonn sibh ina ndúiche anois, le



fónamh dóibh. Maidir liom féin agus le mo theaghlach, ámh, déanfaimid fónamh don Tiarna.”

¹⁶Dúirt an pobal ansin á fhreagairt: “Nár lige Dia go dtréigfimis an Tiarna chun fónamh do dhéithe eile! ¹⁷Nach é an Tiarna ár nDia a thug sinne agus ár sinsir aníos as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse agus a rinne na héachtaí sin inár bhfianaise, agus a chumhdaigh sinn san uile shlí a ndeachamar, agus i measc na gcíníocha go léir trínar ghabhamar? ¹⁸Agus rud eile dhe, is é an Tiarna a thiomáin romhainn na ciníocha sin go léir, mar aon leis na hAmóraigh a raibh cónaí orthu sa tír. Uime sin a dhéanfaimidne mar an gcéanna fónamh don Tiarna óir is é ár nDia é.”

¹⁹Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: “Ní féidir daoibh fónamh don Tiarna, óir is Dia naofa é; is Dia éadmhar é nach maithfidh daoibh bhur gcionta ná bhur bpeacaí. ²⁰Má thréigeann sibh an Tiarna chun fónamh do dhéithe coimhthíocha, iompóidh seisean oraibh agus déanfaidh sé dochar daoibh agus díothóidh sé sibh tar éis a ndearna sé de mhaith daoibh.” ²¹Dúirt an pobal le Iósua: “Ní hea! Is don Tiarna a dhéanfaimid fónamh.”

²²Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: “Is finnéithe sibh in bhur n-aghaidh féin go bhfuil an Tiarna tofa agaibh chun fónamh dó.” Agus dúirt siadsan: “Is finnéithe sinn.” ²³“Cuirigí uaibh más ea,” ar seisean, “na déithe coimhthíocha atá agaibh agus tugaigí bhur gcroí don Tiarna, Dia Iosrael.” ²⁴D’fhreagair an pobal Iósua: “Is don Tiarna ár nDia a dhéanfaimid fónamh, agus is dá ghuth siúd a bheimid umhal.”



An Conradh

²⁵Uime sin rinne Iósua conradh leis an bpobal an lá sin, agus leag sé síos reachtanna agus foraitheanta dóibh ag Seicim. ²⁶Agus scríobh Iósua na briathra sin i leabhar dhlí Dé. Agus thóg sé gallán mór agus chuir sé ina sheasamh ansin é faoin dair a bhí i sanctóir an Tiarna. ²⁷Agus dúirt Iósua leis an bpobal go léir: “Féach! Beidh an gallán seo mar fhianaise inár n-aghaidh, óir chuala sé na briathra go léir a labhair an Tiarna linn; uime sin beidh sé ina fhinné in bhur n-aghaidh má shéanann sibh bhur nDia.” ²⁸Scaoil Iósua na daoine ar shiúl uaidh ansin agus d’fhill gach duine ar a oidhreacht féin.

Breiseanna

²⁹Tar éis na nithe sin d’éag Iósua mac Nún seirbhíseach an Tiarna nuair a bhí deich mbliana agus céad slán aige. ³⁰Rinneadar é a adhlacadh san oidhreacht a fuair sé i dTimneát Searach atá in ardáin Eafráim lastuaidh de Shliabh Gháis. ³¹Rinne Iosrael fónamh don Tiarna i gcaitheamh shaol Iósua, agus shaol na seanóirí a mhair níos déanaí ná é, agus a raibh eolas acu ar na héachtaí go léir a rinne an Tiarna ar mhaithe le hIosrael. ³²Cnámha Iósaef a thug clann Iosrael aneas ón Éigipt leo, adhlacadh iad i Seicim, sa phaiste talún a cheannaigh Iacób ó chlann Hamór, athair Sheicim, ar chéad píosa airgid; rinne oidhreacht de chuid chlann Iósaef de. ³³Ansin d’éag Eileázár mac Árón agus adhlacadh é i nGibeá, cathair a mhic, Píneachás, cathair a tugadh dó in ardáin Eafráim.

